



Oifig an Ard-Aighne



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2005

Lena gcuimsítear

An Tuarascáil Dheiridh um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú an Ráitis Straitéise 2003–2005, agus

An Chéad Thuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú Threoir Seirbhíse Cliaint Oifig Shráid Mhuirfean 2005–2007 agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit 2005–2007

Oifig an Ard-Aighne

Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: -1 631 4000
Facs: 01 676 1806
R-phost: info@ag.irlgov.ie

Is sainchodanna d'Oifig an Ard-Aighne iad
Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais (OPC),
agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO)

Oifig Chomhairleoir Parlaiminte an Rialtais

Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 4000
Facs: 01 676 1287
R-phost: info@ag.irlgov.ie

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Teach Osmond
Sráidin na gConach
Baile Átha Cliath 8

Teileafón: 01 417 6100
Facs: 01 417 6299
R-phost: registry@csso.irlgov.ie



RÁITEAS MISIN

“Is é bunchuspóir Oifig an Ard-Aighne, seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d’Oifigí”





CLÁR ÁBHAR

| | |
|---|----|
| Brollach leis an Ard-Aighne | 06 |
| Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir | 07 |
| Caibidil 1: Rólanna agus Feidhmeanna | 09 |
| Caibidil 2: Ráiteas Misin agus Eochairchuspóirí Tabhairt faoin Misean mar a leagtar amach sa <i>Ráiteas Straitéise 2003–2005</i> | 13 |
| Caibidil 3: Príomhfhorbairtí sa bhliain 2005 Cuid I Forbairtí Dlíthiúla Cuid II Forbairtí Eagrúcháin | 15 |
| Caibidil 4: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 1 á bhaint amach Soláthar de shainseirbhísí dlíthiúla a fhorbairt i ngach réimse dlí a mbaineann fóorthábhacht leo ó thaobh Rialtais, Rann agus Oifigí de | 31 |
| Caibidil 5: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 2 á bhaint amach Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig féin | 35 |
| Caibidil 6: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 3 á bhaint amach A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlíthiúla ar mhodh a shásaíonn na príonsabail a bhaineann le Seirbhís d’Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus a ghlacann an clár um athrú sa tseirbhís poiblí san áireamh | 39 |
| Caibidil 7: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 4 á bhaint amach Córais Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do gach gníomhaíocht ghairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse, agus chun na gníomhaíochtaí sin a mheasúnú | 43 |
| Caibidil 8: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 5 á bhaint amach Rochtain ar eolas agus ar fhaisnéis a chur ar fáil do bhaill foirne, a bhfuil gá leis chun seirbhísí agus acmhainní d’ardchaighdeán a sheachadadh trí sheirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus eolais a sholáthar agus a fhorbairt | 47 |
| Caibidil 9: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 6 á bhaint amach Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach trí spreagadh agus cúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlíthiúla an Stáit | 51 |



Iarscríbhinní

| | | |
|----|---|----|
| A: | Billí Rialtais a Foilsíodh sa bhliain i 2005 | 56 |
| B: | Billí Poiblí a Achtaíodh sa bhliain i 2005 | 57 |
| C: | Sleachta ó Chuntais Leithghabhála 2005, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 58 |
| D: | Ráiteas faoi Chomhlíonadh; Tuarascálacha faoi Chleachtais Íocaíochta 2005, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 61 |
| E: | Ionadaíocht na hOifige ar Choistí agus ar Ghrúpa Oibre i 2005 | 65 |
| F: | Staitisticí um Shaoráil Faisnéise 2005 | 67 |
| G: | Mionsonraí Oiliúna agus Forbartha 2005 | 70 |
| H: | Cairt Eagrúcháin | 77 |
| I: | Staitisticí Faisnéise ar chomhfhreagras a fuarthas in Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus comhaid a osclaíodh in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 78 |



BROLLACH LEIS AN ARD-AIGHNE



Is í seo Cúigiú Tuarascáil Bhliantúil na hOifige atá le foilsiú ó ceapadh mise i mí an Mheithimh, 2002. Táim ríméadach go háirithe gur foilsíodh cúig cinn as sé cinn de na Tuarascálacha Bliantúla a d'ullmhaigh m'Oifig le linn mo thréimhse in oifig agus go bhfuil foilsiú na Tuarascála Bliantúla ón Oifig leabaithe go daingean anois.

Tá Treoir Seirbhísí Cliant 2005-2007 foilsithe ag Oifig Shráid Mhuirfean le bliain anuas agus tá a Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2005-2007 foilsithe ag Oifig Phríomh-Atur nae an Stáit. Tá a gcuid Cairteanna Cliant agus Custaiméara foilsithe ag an dá Oifig agus a gcuid Tuarascálacha Dhul Chun Cinn ar Phleananna Gnímh faoi phróiseas fóraithe *Dul Chun Cinn a Choinneáil*. D'fhoilsigh an Oifig ní ba dhéanaí a Ráiteas Straitéise 2006-2008 a leagfaidh amach cúrsa ár gcuid seirbhísí thar na chéad 3 bliana eile. Chomh maith leis an Tuarascáil Bhliantúil sin, léiríonn na foilseacháin sin don saoránach raon na seirbhísí dlíthiúla agus seirbhísí dréachtaithe a chuireann an Oifig ar fáil chomh maith leis na tionscnaimh ar fad a dtugtar fúthu lena chinntiú go bhfuil siad dírithe ar an gcliant, ag soláthar seirbhíse éifeachtúla agus go bhfuil an úsáid is fearr á baint as teicneolaíocht na faisnéise.

Ba mhaith liom mo mhórbhuíochas a chur in iúl don fhoireann sa dá Oifig as a seirbhís dhíograiseach.

Rory Brady, SC
Ard-Aighne

Samhain, 2006



RÉAMHRÁ LEIS AN ARD-STIÚRTHÓIR

Ard-Aighne

Is í seo *Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne don bhliain 2005*. Cuimsíonn sí an Tuarascáil um Dhul Chun Cinn Deiridh maidir le Forfheidhmiú *An Ráitis Straitéise 2003-2005* agus an Chéad Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú *Threoir Seirbhísí Cliaint 2005-2007*, Oifig Shráid Mhuirfean, *Plean Gníomhaíochta Custaiméorí 2005-2007* Oifig Phríomh-Atur na Stáit agus *Cairteanna Cliaint agus Custaiméara* na nOifigí.

Ba bhliain ghnóthach go leor a bhí sa bhliain atá faoi athbhreithniú agus lean príomhobair na hOifige ag dul i méid. Sholáthair an Oifig comhairle agus seirbhísí dlí agus seirbhísí dréachtaithe ar chliaint agus ar chustaiméirí, agus rinneadh é sin go minic laistigh de theorainneacha an-diana. Anuas air sin, lean an Oifig ag tabhairt aghaidhe ar phríomhthiomantais atá leagtha amach sa *Ráiteas Straitéise 2003 – 2005*, foilseacháin Seirbhíse d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ag déanamh dul chun cinn ar an gClár Oibre Nuachóirithe.

Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas le linn 2005:

- Foilsíodh Treoir Seirbhísí Cliaint agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí,
- Foilsíodh Cairteanna Cliaint agus Custaiméirí,
- Tionóladh Painéil Chliaint agus Grúpaí Fócais in Oifig Shráid Mhuirfean,
- Rinneadh Leabú ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais agus Rolladh Amach ar Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta,

- Rolladh amach an Chórais Bhainistíochta Cásanna agus Taifead chuig réimsí breise sa dá Oifig,
- Tacaíocht bhreise d'Athbhreithnithe Caiteachais a bhí ag an dá Oifig,
- Tacaíocht bhreise don Tionscadal Reachtaíochta Réamh-1992 lena n-áirítear achtú an Bhille um Athchóiriú an Dlí Reachtaíochta (Réamh-1922) 2004,
- Cuireadh tús leis an Tionscadal Bainistíochta Riosca féachaint le Beartas Bainistíochta Riosca agus Cláranna Riosca a ullmhú don Oifig,
- Nuashonrú breise ar Leabhar Reachta na hÉireann atá i bhfoirm Leictreonach agus
- Foilsíodh an Ceathrú agus an Cúigiú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le forfheidhmiú Pleananna Gnímh na nOifigí faoi *Dul Chun Cinn a Choinneáil*.


Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann fhíor-thiomanta ar fud gach réimse a léirigh tiomantas mór maidir lenár gcuid gnóthachan go léir a bhaint amach le linn na bliana.

Finola Flanagan
Ard-Stiúrthóir

Samhain, 2006



Finola Flanagan,
Ard-Stiúrthóir



Deirbhle Murphy,
Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte



David J. O'Hagan,
Príomh-Atur na Stáit





CAIBIDIL 1

RÓLANNA AGUS FEIDHMEANNA



1

RÓLANNA AGUS FEIDHMEANNA

Is comhairleoir dlí don Rialtas agus oifigeach bunreachtúil é an tArd-Aighne. Is iad cliaint an Ard-Aighne agus Oifig an Ard-Aighne brainse feidhmiúcháin an Rialtais, is é sin, an Rialtas ina iomláine, a bhaill aonair agus na Ranna faoina gceannas. De bhua Alt 30.1 den Bhunreacht, agus cuid 6 d'Acht na nAirí agus na Rúnaithe 1924, agus an naoú cuid den sceideal leis an Acht sin, bíonn rialú agus freagracht ag an Ard-Aighne as Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus as Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne:

- comhairle dhlíthiúil a chur ar fáil don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí
- reachtaíocht a dhréachtú
- seirbhísí dlíthíochta a chur ar fáil
- seirbhísí aturnae a chur ar fáil, lena n-áirítear tólacadh agus seirbhísí eile idirbheartaíochta.

Is é ról Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear a cuid oifigeach go léir, cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus feidhmeanna um chomhairle a thabhairt don Rialtas, agus um chomhlíonadh na bhfeidhmeanna eile a thugtar go sonrach dóibh faoin mBunreacht agus faoin reachtaíocht. Faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, cineachtar údarás um bainistíocht na hOifige, beartais mhonatóireachta a mbíonn tionchar acu ar an Oifig agus seachadadh aschuir shonraithe ar Cheann na hOifige, arb é an tArd-Stiúrthóir é.

Abhcóide Comhairleach don Rialtas

Tá taobh comhairleach na hOifige roinnte ina chúig shainghrúpa a chlúdaíonn na speisialtachaí dlí go léir. Is éard atá ann ná abhcóidí (Abhcóide Comhairleach) agus déanann gach duine acu speisialtóireacht i sainréimsí éagsúla dlí. Is é príomhdhualgas an Abhcóide Chomhairligh ná cúnamh a thabhairt le comhlíonadh feidhmeanna agus dhualgais an Ard-Aighne. Tá foireann chléireach tacaíochta shainthiomanta ag gach Grúpa Comhairleach, a mbíonn cur amach acu ar ghnó an ghrúpa.

Clúdaítear réimse leathan ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse feidhmiúcháin, eadhon:

- (a) soláthar na comhairle;
- (b) stiúradh na dlíthíochta;

- (c) glacadh páirte i soláthar seirbhíse dréachtaithe do Ranna Rialtais.

Obair an Abhcóide Chomhairligh

Chuir an Oifig struchtúir agus córais i bhfeidhm chun freastal agus aghaidh a thabhairt ar gach gnáthfhiosrú chomh maith le hiarratais ar chomhairle phráinneach i leith saincheisteanna suntasacha dlíthiúla. Oibríonn an tAbhcóide Comhairleach go dlúth le dlíodóirí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte i ndáil le comhairle a thabhairt faoi shaincheisteanna dlíthiúla a thagann chun cinn le linn dhréachtú na reachtaíochta agus le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit i ndáil le comhairle a thabhairt faoi fheidhmiú na dlíthíochta agus ábhair eile dlíthiúla.

Bíonn réimse na hoibre comhairlí a dtugann an Oifig faoi an-leathan de ghnáth, agus áirítear dlí bunreachtúil, dlí riaracháin, an dlí Eorpach, dlí tráchtála, dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí coiriúil leis – leoga, gach réimse den saothar dlí a bhféadfadh comhairle dlí a bheith ón Rialtas nó ó Roinn nó ó Oifig éigin ina leith. Féadtar iarratais ar chomhairle a fháil ón Rialtas ina iomláine, ó Airí, nó ó státseirbhísigh i Ranna nó Oifigí Rialtais díreach chuig an Oifig féin nó trí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Is minic a chuirtear comhairle ar fáil faoi rí-bhrú ama.

Uiríoll Buan don Aontas Eorpach

Lean an Oifig ag sannadh Abhcóide Chomhairligh mar *Attaché* Dlí le hUiríoll Buan na hÉireann leis an Aontas Eorpach thall sa Bhruiséil. Tá ról an *attaché* dlí ina ghné riachtanach agus bhunúsach d'fheidhmiú éifeachtach an Uiríll Bhuain ón uair a bunaíodh é thiar sa bhliain 1996. Mar thoradh ar rannpháirteachas an *attaché* dlí i gcaibidlíochtaí tábhachtacha san AE, lena n-áirítear leasú Conartha agus forbairtí eile suntasacha reachtaíochta, tá an tArd-Aighne páirteach anois ó thréimhse luath maidir le comhairle a thabhairt faoi shaincheisteanna suntasacha dlíthiúla an AE.

Dréachtóir Parlaiminte don Rialtas

Is éard atá in Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte an Rialtais (OPC) ná foireann saindlíodóirí le leibhéal ard oiliúna acu um dhisciplín dhréachtú na reachtaíochta. Is é misean na hOifige ná seirbhís



1

RÓLANNA AGUS FEIDHMEANNA (AR LEANÚINT)

ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta den chaighdeán is airde a chur ar fáil dá cuid cliant agus chun faisnéis a chothabháil um dhul chun cinn dhréachtú na reachtaíochta.

Obair na nDréachtóirí Parlaiminte

Is í príomhbair Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ná Billí Rialtais a dhréachtú lena dtabhairt isteach i dTithe an Oireachtais agus reachtaíocht thánaisteach, de réir mar is cuí, do Ranna nó Oifigí Rialtais, lena n-áirítear ionstraimí a thrasúíonn reachtaíocht an AE go dlí intíre faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972. Glacann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte páirt ghníomhach i bhforbairt an bheartais um Rialachán Níos Fearr i gcomhar le Roinn an Taoisigh, agus áirítear léi athbhreithniú an dlí reachta, athlua agus comhdhlúthú i gcomhthéacs an Chláir Oibre Leasaithe Rialacháin.

Tá Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte eagraithe ina trí ghrúpa, agus gach ceann acu freagrach as seirbhís dréachtaithe a chur ar fáil do Ranna agus Oifigí áirithe an Rialtais. Tá foireann chléireach tacaíochta shainthiomanta ag gach Grúpa Comhairleach, a mbíonn cur amach acu ar ghnó an ghrúpa.

Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Is comhghné d'Oifig an Ard-Aighne í Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Soláthraíonn Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit na seirbhísí dlíthíochta sin chomh maith le réimse leathan seirbhísí dlí nach mbaineann dlíthíocht leo, cosúil le seirbhísí comhairleacha agus tíolactha. Is í feidhm Phríomh-Aturnae an Stáit ná feidhmiú mar aturnae d'Éirinn don Ard-Aighne, do na Ranna agus na hOifigí Rialtais agus do Ghníomhaireachtaí Stáit.

Obair Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Eagraítear Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit de réir chúig rannán dhlíthiúla. Is iad na cúig rannán dhlíthiúla ná Comhairleach, Dlíthíocht an Dlí Choisinn, Ceartas agus Tearmann, Dlí Poiblí agus Maoin Stáit. Eagraítear gach rannán ina gcodanna (nó, i roinnt cásanna, i bhfoirne) ar bhonn cosúlachta oibre nó cliaint. Glacann an t-eagrúchán príomhéilimh na gcliant san áireamh agus roinnt de na héilimh a mbítear ag dúil leo amach anseo ón

Oifig san áireamh, cosúil leis an gcumas chun freagairt do ghníomhartha a bhaineann le Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine (ECHR), leibhéil mhéadaithe rannpháirteachais leis an ECJ, agus seachadadh seirbhísí dlí chun tacaíocht a thabhairt do Chlár an Rialtais maidir le sábháilteacht núicléach. Glacann an struchtúr sin dúshláin bhainistíochta don oifig agus, go háirithe, na dúshláin a chruthaíonn an clár do nuachóiriú na seirbhíse poiblí san áireamh.

Soláthraíonn an Oifig seirbhís na n-Aturnaetha áitiúla Stáit, trína ndéanann Aturnaetha áitiúla Stáit roinnt obair dhlíthiúil Stáit a thagann aníos go háitiúil.

Riarachán

Tá Aonaid riaracháin in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun tacú le hobair na foirne dlí trí sheirbhísí tacaíochta gairmiúla a sholáthar mar Acmhainní Daonna, Oilíúint agus Forbairt, Airgeadas/Cuntais, Seirbhísí, Tacaíocht Chléireach, Tacaíocht Oifige Príobháidí, Bainistíocht Athraithe, Teicneolaíocht na Faisnéise, Iníúchadh Inmheánach, Clárlann/Ionad Taifead agus Clárlainne agus an Leabharlann agus Fios Gnó. Bíonn dlúth-theagmháil idir na Ceannairí Riaracháin agus an fhoireann Aonaid chuí sa dá Oifig agus a gcuid comhghleacaithe in Oifigí Dlí eile faoi shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar na hOifigí. Bíonn dlúth-theagmháil freisin idir na Ceannairí Riaracháin agus an fhoireann Aonaid chuí le foirne i Ranna Rialtais agus in Oifigí eile faoi shaincheisteanna áirithe.

Láithreán Gréasáin

Cuireann láithreán gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie cur síos mionsonraithe ar fáil ar rólanna, feidhmeanna, freagrachtaí agus obair an Ard-Aighne, an Abhcóide Chomhairligh, na nDréachtóirí Parlaiminte agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.





CAIBIDIL 2

RÁITEAS MISIN AGUS EOCHAIRCHUSPÓIRÍ



2

RÁITEAS MISIN AGUS EOCHAIRCHUSPÓIRÍ

Tá an Ráiteas Misin agus na heochairchuspóirí seo a leanas le fáil i Ráiteas Straitéise na hOifige 2003 – 2005

Is é bunchuspóir Oifig an Ard-Aighne, seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.

Dírtháíodh sé eochairchuspóir den Ráiteas Misin. Is iad sin:

- Soláthar de shainseirbhísí dlíthiúla a fhorbairt i ngach réimse dlí a mbaineann fóirbhacht leo ó thaobh Rialtais, Rann agus Oifigí de
- Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig féin
- A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlíthiúla ar mhodh a shásaíonn na prionsabail a bhaineann le Seirbhís d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus a ghlacann an clár um athrú sa tseirbhís poiblí san áireamh
- Córais Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do gach gníomhaíocht ghairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse, agus chun na gníomhaíochtaí sin a mheasúnú
- Rochtain ar eolas agus ar fhaisnéis a chur ar fáil do bhaill foirne, a bhfuil gá leis chun seirbhísí agus acmhainní d'ardchaighdeán a sheachadadh trí sheirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus eolais a sholáthar agus a fhorbairt
- Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach trí spreagadh agus cúnamh a thabhairt do chomhordú seirbhísí dlíthiúla an Stáit.



CAIBIDIL 3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005

Cuid I: Forbairtí Dlíthiúla

Obair Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean, sa bhliain 2005

Obair an Abhcóide Chomhairligh sa bhliain 2005

Cuireann an tAbhcóide Comhairleach comhairle ar fáil do na Ranna agus na hOifigí ar fud raon iomlán speisialtachtaí atá tugtha thíos nuair a iarrtar sin uirthi. Tá Comhordaitheoir Grúpa agus 4 nó 5 Abhcóidí Comhairleacha agus foireann chléireach tacaíochta i ngach aon Ghrúpa.

Tá **Grúpa A** freagrach as na réimsí a bhaineann leis dlí coiriúil, an nGarda, dlí, príosúin, na cúirteanna agus na breithimh, cúrsaí Angla-Éireannacha, sócmhainní coiriúla, eiseachadadh, cúnamh frithpháirteach, ceapadh phacáistí teileacumarsáide agus poist, bearta dlí coiriúil an AE, clúmhillleadh, ceadúnú agus saincheisteanna na Gaeilge.

Tá **Grúpa B** freagrach as na réimsí a bhaineann le dlí idirnáisiúnta próbháideach, trádáil ócáideach agus fhánach, staitisticí, Acht na nIonstraimí Reachtúla, saincheisteanna dlí sibhialta, díobháil phearsanta, sláinte, saincheisteanna fola, mí-úsáid leanbhaoise (Sibhialta), orgáin agus vacsaíní, ginmhilleadh, uchtú, atáirgeadh daonna cuidithe, oideachas, dlí teaghlaigh, ombudsman, sláinte agus sábháilteacht, dlí comhshaoil agus núicléach.

Tá **Grúpa C** freagrach as na réimsí a bhaineann le tearmann agus inimirce, cúnamh agus deontais stáit, dlí iomaíochta, craolachán, leictreachas, iascaigh, cladach, dlí na farraige, dlí loingseoireachta, cuanta, muiríní, seirbhís gardachósta na hÉireann, coimisinéirí Soilse na hÉireann, mona, trádáil idirnáisiúnta, gás, dlí poist, iompar bóthair agus busanna, achtanna um thrácht bóithre, dlí ioncain, comhaontuithe cáin dhúbailte, Bonneagar Náisiúnta/Plean Forbartha Náisiúnta/Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, an Ghaeltacht, saincheisteanna Angla-Éireannacha, Cosaint, Cosaint Tomhaltóirí, Árachas Creidmheasa onnmhairithe, Aisíocaíochtaí onnmhairithe, lompar Aeir agus lompar Iarnróid.

Tá **Grúpa D** freagrach as na réimsí a bhaineann le caingne insteora, saincheisteanna

féimheachta/dócmhainneachta/leachtaithe, carthanachtaí, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, Cuntas Leithreasaithe, Bille, meastacháin agus nósanna imeachta airgeadais a bhaineann leis an *Exchequer and Audit Department Act 1866*, Caiteachas Leithreasaithe agus Poiblí, Díl Probháide agus Comharbais, Eadráin, baincéireacht, Billí Malartáin, Cumainn Fhoirgníochta, Díl Cuideachta, Eitic, Árachas, Clárú Talún, Tiarna Talún agus Tionónta, Cumaisc agus Monaplachtaí, Méadreolaíocht, Mianadóireacht agus Cairéalú, Peitriiliam, Monaplachtaí Stáit, an tAcht Maoine Stáit, Stocmhalartán agus Díl Infheistíochta, Teileacumarsáid, Seirbhísí Sochaí na Faisnéise, UNCITRAL, Údarais Stáit eile, Díl Toghcháin, Comhlacht Gnó agus Trádála Thuaisceart Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, Rialacháin chun Gealltanais a Aistriú, Comhlachtaí Leathstáit, Tobac, Turasóireacht agus Achtanna Pleanála.

Tá **Grúpa E** freagrach as na réimsí a bhaineann le Maoin Intleachtúil, Díl Idirnáisiúnta Poiblí, an tAcht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, an tOireachtas agus Athchóiriú Oireachtais, Airí agus Rúnaithe, an tSeirbhís Phoiblí, Díl Saothair, Cabhair Díl, Cultúr, Cearta an Duine, Cróinéirí, conarthaí Rialtais lena n-áirítear soláthar poiblí, Seirbhís Taidhleoireachta agus Chonsalach, an Coimisiún um Athchóiriú an Díl, Pléascáin agus Airm thine, Cluichíocht, Achtanna Cranchnuir agus Geallghlacadóireachta, Acht um Rúin Oifigiúla, Foraoiseacht, Talmhaíocht agus Díl Leasa Shóisialaigh.

An Leas-Ardstíúrthóir: Tá an Leas Ard-Stíúrthóir freagrach as na réimsí a bhaineann le Clúmhillleadh, Costais, Binsí Fiosrúcháin, Coistí Imscrúdaithe agus Coistí Oireachtais agus as saincheisteanna Institiúideacha an AE. Oibríonn an Attaché Dlíthiúil leis an Uiríoll Buan chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséal freisin faoin Leas Ard-Stíúrthóir.

Tarraingítear aird ar leith ar na hábhair seo a leanas a cuireadh in iúl le linn 2005.

Saincheisteanna Bunreachtúla

Bhí an Stát mar pháirtí ag dlíthíocht ina raibh breithiúnais tábhachtacha mar thoradh uirthi sa réimse a bhain le dlí Bunreachtúil, de réir seo a leanas.

Carmody v An tAire Díl. Bhreithnigh an Ard-Chúirt cibé an raibh alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

(Cúnamh Dlí) 1962 míbhunreachtúil de bhua Airteagal 38.1, 40.1, 40.3.1, 40.3.2 & 40.4.1.

Arra v Gobharnóir Phríosún Chnoc an Arbhair. Bhreithnigh an Ard-Chúirt cibé ar sháraigh alt 9 d'Acht na nDídeanaithe 1996 an Bunreacht agus Airteagal 5 de Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine.

Maidir le hAirteagal 26 den Bhunreacht & maidir leis an mBille Sláinte

(Leasú) (Uimh. 2) Bille 2004. Rinne an Chúirt Uachtarach imscrúdú ar bhunreachtúlacht an Bhille Sláinte (Leasú) (Uimh. 2) 2004 faoi Airteagal 43 agus 40.3.2.

Riordan v Éire. Bhreithnigh an Ard-Chúirt, i gCainean Athbheithnithe Bhreithiúnaigh, bunreachtúlacht an Achta Toghcháin 1992.

Curtin v Éire. Bhreithnigh an Ard-Chúirt cibé an raibh an Coiste Oireachtais a bunaíodh chun fiosrúcháin a dhéanamh faoi iompar an iarratasóra de réir Airteagal 35 den Bhunreacht.

Kennedy v An tArd-Aighne agus an tAire Mara agus Acmhainní Nádurtha. Bhreithnigh an Chúirt Uachtarach cumhacht an Aire ó thaobh bearta CE a chur i bhfeidhm trí reachtaíocht tharmligthe faoi Airteagal 15 den Bhunreacht.

Y.N.R. v M.N. Rinne an Ardchúirt imscrúdú cibé ar leanadh den nós imeachta ceart faoi Airteagal 29.4.6 ó thaobh Rialachán Bis II an Bhrúiséil a ghlacadh.

C.C. v Éire. Rinne an Chúirt Uachtarach imscrúdú cibé ar cheadaigh alt 1(1) d'Acht Leasuithe an Dlí Choiriúil 1935 cosaint ar bhotún bona fide maidir le haois. Agus cinneadh glactha aici ar an gceist sin d'fháiltigh an Chúirt roimh aighneachtaí agus argóint maidir le bunreachtúlacht an pháosa.

Magee v Farrell. Bhreithnigh an Ard-Chúirt cibé ar éiligh an ceart bunreachtúil ar nósanna imeachta cothroma go soláthrófaí cúnamh dlí ar an iarratasóir le haghaidh ionadaíochta ag coiste cróinéara faoi bhás a mic.

Dubsky v Éire. Bhreithnigh an Ard-Chúirt an cheist cibé ar theastaigh aontú na Dála faoi Airteagal 28 sula ndéanfaí cinneadh cead a thabhairt d'eitleáin Mhíleata de chuid na Stát Aontaithe eitilt thar an Stát agus/nó tuirlingt agus breosla a fháil laistigh den Stát.

John Gilligan v An Chúirt Choiriúil Speisialta. Rinne an Chúirt Uachtarach imscrúdú ar dhlínse na Cúirte Coiriúla Speisialta agus bunreachtúlacht alt 4 den Acht um Chearta Coiriúil 1994.

Cúirt Cheartais na hEorpa

Gníomhaíocht thábhachtach ab ea an bhaint a bhí le dlíthíocht a bhí os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa le linn 2005.

Bhí baint ag Éirinn le cúpla cás, eadhon:

C-199/03 Éire v Coimisiún na gComhphobal Eorpach. Bhreithnigh an Chúirt neamhniú a bhí á lorg ag Éirinn maidir le Cinneadh an Choimisiúin a laghdaigh an cúnamh a bhí ar fáil ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

C-191/03 Bord Sláinte an Iarthuaiscirt v Margaret McKenna. I dtagairt ón gCúirt Oibreachais, bhreithnigh an ECJ cibé an sháraigh cóireáil ar bhreiteacht a bhain le toircheas ar an mbealach céanna le breiteachtaí eile chun críche teidlíochta ar shaoire breiteachta Airteagal 141CE agus Treoracha 75/117CE agus 76/207/CE maidir le caitheamh cothrom le fir agus mná.

C-282/02 Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire. Bhreithnigh an Chúirt cibé an raibh Treoir na Comhairle 76/464/CEE ar thruailliú uisce trasuite i gceart ag Éirinn.

C-494/01 Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire. Bhreithnigh an Chúirt cibé an raibh Treoir na Comhairle 75/442/CEE ar bhainistiú dramhaíola trasuite i gceart ag Éirinn.

C-176/03 Coimisiún v Comhairle. Bhreithnigh an Chúirt argóint an Choimisiúin gur chóir Cinneadh Creatlaí na Comhairle maidir le Cosaint an Chomhshaoil trí Dhlí Choiriúil a chur ar neamhniú mar gheall gur chóir é a achtú laistigh den Chéad Philéar mar Bheart Pobail seachas faoin TEU (Tríú Piléar). Rinne Éire idirghabháil thar ceann na Comhairle.

C-446/03 Marks & Spencer v David Halsey. Bhreithnigh an Chúirt cibé, agus í ag éileamh faoisimh chánach, an bhféadfaí cailiteanais a thabhairt fochuideachta na cuideachta i mBallstáit eile a asbhaint de bhrabúis inchánach sa RA. Rinne Éire idirghabháil thar ceann na Comhairle.



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine

Tá comhairle faoi réimse nua agus réimse forbartha an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus dlíthíocht sa Chúirt thall in Strasbourg tar éis dul i méid.

Rinne Éire idirghabháil sna cásanna seo a leanas le linn na bliana:

Independent News agus Media PLC agus eile v Éire. Bhreithnigh an Chúirt arbh ionann líomhaintí faoi chosaintí neamhdhóthanacha in aghaidh dámhachtana a bhí an-ard in imeachtaí clúmhillte agus sárú ar Airteagal 10 (Saoirse Cainte).

Bosphorus Airways v. Éire. Bhreithnigh an Chúirt cibé arbh ionann gairbhniú ar aerárthach an iarratasóra agus sárú ar Airteagal 1 de Phrótacal 1 an Choinbhinsiúin agus cibé an raibh aon chiall leis an gcur isteach sin de bhrí nach raibh sé de réir na bprionsabal ginearálta a bhaineann leis an dlí idirnáisiúnta.

Barry v Éire. Bhreithnigh an Chúirt ar sháraigh fad iomarcach na n-imeachtaí dlí in aghaidh an iarratasóra agus easpa réitigh éifeachtaí ar mhoill den sórt sin Airteagal 6 agus 13.

Dlí Idirnáisiúnta

Thug an Oifig comhairle ar go leor Coinbhinsiún, Prótacal agus Comhaontuithe idirnáisiúnta, ar chásanna agus ar fhorbairtí reachtúla sa dlí idirnáisiúnta sa bhliain 2005.

Tuaisceart Éireann

Chuir Tuaisceart Éireann raon saincheisteanna dlíthiúla i láthair.

Binsí Fiosrúcháin agus Fiosrúcháin.

Mar aon le blianta roimhe seo, ba chomhchuid thábhachtach d'obair an Abhcóide Chomhairligh a bhí i saincheisteanna dlíthiúla a bhain le binsí fiosrúcháin reachtúla agus neamh-reachtúla.

An ceartas agus an dlí coiriúil

Bhí an réimse a bhain leis an gceartas agus le dlí coiriúil an-ghníomhach le linn 2005.

Eiseachadhadh

Bhain tábhacht agus forbairt leis an eiseachadhadh le linn 2005.

Barántas Gabhála Eorpach

Tharraing an réimse sin aird ar roinnt breithiúnas tábhachtach de chuid na Cúirte Uachtaraí.

Cúnamh Frithpháirteach

Tugann an Oifig comhairle don Údarás Lárnach maidir le sruth seasmhach iarratas ar chúnamh frithpháirteach dlí sa réimse coiriúlachta de bhua Choinbhinsiún na hEorpa ar Chúnamh Frithpháirteach i gCeisteanna Coiriúlachta, 1959.

Eagrais Idirnáisiúnta agus Eagrais de chuid an AE

Bhí baint freisin ag an Oifig le grúpaí oibre atá liostaithe in Aguisín E.

Saincheisteanna Idir-rannacha

Bhí baint ag comhaltaí na hOifige le raon saincheisteanna idir-rannacha. Tá siad sin liostaithe freisin in Aguisín E.



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Thug an Oifig tacaíocht leanúnach don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí le linn 2005 agus ghlac sí cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach a chuir roimhe obair an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí sna Ranna.

Bhuail an tArd-Aighne leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i rith na bliana le haghaidh cruinniú foirmiúil maidir lena chlár oibre, agus coinníodh teagmháil ar bhonn neamhfhoirmiúil idir an fhoireann ghairmiúil ar feadh na bliana chun malartú eolais agus saeolais a éascú de réir deachleachtais bhainistíochta eolais. Rinne ionadaí Grúpa Stiúrtha de chuid na hOifige agus an Choimisiúin Athbhreithniú Caiteachais ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i 2005.

Abhcóide Comhairleach i nUiríoll Buan na hÉireann sa Bhrúiséal 2005

Lean an tAbhcóide Comhairleach a bhí ar iasacht do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach ag cur feidhmeanna éagsúla i bhfeidhm. Is é príomhról an Abhcóide comhairle a chur ar an Uiríoll Buan agus a Leas-Ionadaí maidir leis na saincheisteanna dlí éagsúla a thagann chun cinn mar thoradh ar a bheith i láthair ag COREPER I agus II. Thug an tAbhcóide comhairle d'oifigigh Rann freisin maidir le saincheisteanna a tháinig chun cinn ag Grúpaí Oibre den Chomhairle ar a bhfreastalaíonn siad agus maidir le saincheisteanna a thagann chun cinn idir Ranna agus Institiúidí Eorpacha. Chuir an tAbhcóide Comhairleach na dualgais seo a leanas i bhfeidhm freisin:

- Freastal ag Meitheal Oibre na gCúirteanna Ceartais.
- Idirchaidreamh idir Comhairleoirí Dlí ag an Uiríoll Buan de na Ballstáit éagsúla agus le baill na Comhairle, an Choimisiúin agus Seirbhísí Dlíthiúla Parlaiminteacha.
- Cúnamh le réiteach déthaobhach a fháil ar na deacrachtaí dlíthiúla maidir le reachtaíocht a bhí á plé sa Chomhairle.

Tugann an tAbhcóide Comhairleach comhairle freisin ar shaincheisteanna dlíthiúla institiúideacha an AE.

Obair na nDréachtóirí Parlaiminte i 2005

Bhí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) bainteach le dréachtú líon mór Billí agus Ionstraimí Reachtúla le linn 2005. I measc na 28 Bille Rialtais a foilsíodh (féach Iarscríbhinn A) agus na 34 Bille a ritheadh (féach Iarscríbhinn B) le linn 2005, thug an Oifig faoi roinnt mhórtionscnamh dréachtaithe lena n-áirítear:

- **Tabharfaidh Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005 (arna achtú an 9 Iúil, 2005) nuair a bheidh tús iomlán curtha leis**
 - > deis don Rialtas an chumhacht dífhostaithe atá aige i dtaca le formhór státseirbhíseach a tharmligean ar Airí Rialtais agus Ard-Rúnaithe (ag brath ar ghrád an státseirbhísigh)
 - > cuirfidh sé an tAcht um Dhífhostú Éagórach agus an tAcht um Fhógra agus Téarmaí Fostaíochta i bhfeidhm i gcás fhorhóir na státseirbhíseach
 - > cuirfidh sé gannfheidhmíocht san áireamh mar ábhar a bhféadfaí smachtbhanna disciplíneach a chur i bhfeidhm ina leith.
 - > sáróidh sé na deacrachtaí a bhaineann le halt 16 den Phríomh-Acht a úsáid (neamhláithreachtaí neamhúdraithe ó dhualgas) chun státseirbhíseach a bhaint den phárolla i gcás “obair de réir rialach” a aithníodh tar éis rialú de chuid na Cúirte Uachtaraí le déanaí.

Leanann an tAcht le próiseas nuachóirithe agus athchóirithe na seirbhíse poiblí agus oibreoidh sé ar reachtaíocht níos luaithe mar Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

- **Chuir an tAcht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanáí a Fhiosrú (Leasú) 2005 (arna achtú an 9 Iúil, 2005) roinnt athruithe tábhachtacha ar an Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanáí a Fhiosrú 2000 ar mhaithe le cur ar chumas an Choimisiúin dul ar aghaidh níos tapúla lena chuid fiosrúchán faoi dhrochúsáid a rinneadh in institiúidí agus ag an am céanna urraim a bheith aige don spiorad bunúsach atá taobh thiar d'Acht 2000**



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

- gur chóir deis a thabhairt d'íobartaigh a dtaitní a insint faoina ndrochúsáid in institiúidí.
- **Tugann an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005** (arna achtú an 8 Márta, 2005) éifeacht do roinnt ionstraimí idirnáisiúnta atá dírithe ar sceimhlitheoireacht agus tiomantas atá glactha ag an Stát a chomhlíonadh mar chuid den AE agus an pobal idirnáisiúnta níos leithne. Tá sé i gceist ag an Acht freisin ár ndlí a leasú tríd is tríd chun cumas an Stáit aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb a bhaineann le sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta a fheabhsú;
 - Rinneadh dul chun cinn le linn na bliana ar dhréachtú an **Bhille Cosanta (Leasú)**. Tá sé i gceist leis an Acht seo athruithe suntasacha a dhéanamh ar na nósanna imeachta i dtaca le disciplín mhíleata i bhfianaise imní atá ann nach dóigh go bhfuil an réimeas reatha comhoiriúnach le Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine.
 - Is príomhchuid de Straitéis Míchumais Náisiúnta an Rialtais é an **tAcht Míchumais 2005** (arna achtú an 8 Iúil, 2005) le bheith mar bhonn taca ag rannpháirteachas cothrom a bheith ag daoine le míchumas sa tsochaí. Tá foráil san Acht chun measúnú riachtanais a dhéanamh agus ráiteas seirbhíse a ullmhú do dhaoine le míchumas. Déileálann an tAcht freisin le rochtain ar fhoirgnimh, seirbhísí agus eolas poiblí, chomh maith le foráil a dhéanamh chun pleananna earnála a ullmhú agus a fhoilsiú i gcás príomhsheirbhísí poiblí mar iompar, fostaíocht agus sláinte. Tá foráil san Acht le haghaidh roinnt ábhar eile lena n-áirítear teorannú ar an úsáid a bhaintear as sonraí géiniteacha agus spriocanna a leagan síos chun daoine le míchumas a fhostú sa tseirbhís phoiblí;
 - Oibríonn an **Bille um Cheadanna Fostaíochta 2005** (arna fhoilsiú an 27 Meitheamh, 2005) ar na bunfhorálacha maidir le ceadanna fostaíochta a thug an tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2003 isteach trí fhoráil chuimsitheach a dhéanamh chun ceadanna den sórt sin a bhronnadh, a athnuachan agus a aisghairm. Déantar foráil do bhronnadh ceada den sórt sin ar fhoirm iarratais an fhostóra nó, in imthosca níos teoranta, an náisiúnaigh choigríche. Tá foráil ann freisin le haghaidh cosaintí áirithe a thabhairt do náisiúnaigh choigríche atá fostaithe sa Stát maidir le doiciméid phearsanta a choinníonn an fostóir. Tá sé de chumhacht ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta trí thagairt a dhéanamh do chritéir áirithe, rialacháin a dhéanamh a ghearrann teorainneacha ar líon iomlán na gceadanna fostaíochta nó ceadanna fostaíochta áirithe is féidir a bhronnadh i dtréimhse áirithe agus i dteorainneacha áirithe eile.
 - Tá foráil sa **Bhille um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhairliúchán a Sholáthar) 2005** (arna fhoilsiú an 15 Iúil, 2005) chun Treoir 2002/14/CE de Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 11 Márta 2002 a chur i bhfeidhm. Is beart tábhachtach í an Treoir sin a éilíonn ar gach gnóthas a fhostaíonn íoslíon áirithe fostaithe (beidh an t-íoslíon ag 50 faoin 23 Márta 2008) chun socrúithe a leagan síos chun fostaithe sa ghnóthas a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo. Tá foráil sa Bhille d'agóidí maidir le nósanna imeachta den sórt sin a leagan síos nó a bhfeidhmiú a bheidh le cinneadh ag an gCúirt Oibreachais. Cuirtear cosc ar phionós a ghearradh ar ionadaithe fostaithe agus tá foráil le haghaidh cionta sa chás go dteipeann ar dhuine cloí le forálacha áirithe den Bhille.
 - **Acht an Gharda Síochána 2005** (arna achtú an 9 Iúil, 2005) a dhéanann athchóiriú ar an dlí a bhaineann le riarachán agus bainistíocht an Gharda Síochána, lena n-áirítear ról Choimisinéir an Gharda agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi seach. Fuair an ghné sin den Acht treoir ó Thuarascáil sa bhliain 2002 a forbraíodh faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéiseach ar Fheidhmíocht agus ar Chuntasacht sa Gharda Síochána. Tá foráil san Acht freisin chun comhlacht neamhspleách a bhunú chun gearáin a dhéanann an pobal in aghaidh chomhaltaí an Gharda Síochána a imscrúdú, ar a dtabharfar Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Tiocfaidh an comhlacht sin in áit Bhord Gearán an Gharda Síochána;



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

- Tá dhá phríomhchuspóir ag an **Acht Sláinte (Leasú) 2005** (arna achtú an 11 Márta, 2005). An chéad chuspóir is ea cumhacht a thabhairt don Aire Sláinte agus Leanáí rialacháin a dhéanamh chun foráil a dhéanamh le haghaidh táillí as seirbhísí d’othair chónaitheacha. An dara cuspóir ná éileamh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte seirbhís dochtúra leighis agus máinliachta a chur ar fáil saor in aisce do chatagóirí áirithe daoine.
- Leasaigh an **tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) 2005** (arna achtú an 19 Bealtaine, 2005) alt 4 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh.2) 1978 trí gníomhaireachtaí Stáit áirithe agus cuideachtaí leathstáit a chur san áireamh i measc na ndaoine sin a bhfuil foráil ag an alt dóibh agus nach bhfuil faoi cheangal ag an Acht sin.
- An **tAcht Léiriúcháin 2005** (arna achtú an 17 Deireadh Fómhair, 2005). Déanann an tAcht seo aisghairm (le coigiltis) ar Achtanna Léiriúcháin 1889, 1923 agus 1937 agus Acht leasaithe 1993. Is í aidhm an Achta an dlí a bhaineann leis na prionsabail ghinearálta lena dtugtar léirmhíniú ar Achtanna agus ionstraimí reachtúla a nuachóiriú. Glacann sé forbairtí i léiriúchán reachtúil atá le fáil i gcinntí breithiúnacha san áireamh agus in achtanna léiriúcháin ó dhlínsí eile. Chuaigh Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí “Dréachtú Reachtúil agus Léiriúchán: Teanga Shimplí agus an Dlí (2000)” mar an Bille d’Acht Léiriúcháin 2005 trí Thithe an Oireachtais agus tá roinnt dá chuid moltaí san áireamh sa Bhille arna achtú.
- Cuireadh i bhfeidhm leis an **Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005** (arna achtú an 29 Iúil, 2005), i measc nithe eile, Treoir AE thábhachtach um thairiscintí poiblí ar urrúis. Achtaíodh na rialacháin riachtanacha faoin Acht agus rinneadh é sin faoin dáta trasuite. D’fháiltigh an pobal seirbhísí airgeadais roimh fheidhmiú tráthúil na Treorach de bhrí go raibh imní léirithe faoin éifeacht a d’fhéadfadh a bheith ag a feidhmiú déanach ar sheasamh Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSC) ó thaobh infheisteoirí idirnáisiúnta de. Bhí foráil san Acht freisin do chreatlach rialála ar ar glaoth “comhchoistí conartha”, rud a bhí ag teastáil ón IFSC d’fhonn a staid iomaíochta a choinneáil i leith lárionad airgeadais eile.
- Tá foráil sa **Bhille um Rialú Foirgníochta 2005** (arna fhoilsiú an 20 Nollaig 2005) chun úsáid na dteideal, “aitireacht”, “suirbhéir cainníochta” agus “suirbhéir foirgníochta” a rialú agus leasaíonn agus síneann sé an tAcht um Rialú Foirgníochta 1990. Mar chuid den chreatlach rialála tá foráil ann do na gairmeacha lena mbaineann, áirítear leis forálacha a chuireann Treoir 2005/36/CE de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i bhfeidhm i bpáirt maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla. Cuireann an Bille i bhfeidhm forálacha áirithe freisin de Threoir 2002/91/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le feidhmíocht fuinnimh fhoirgneamh.
- Tá foráil i **mBille na bPríosún 2005** (arna fhoilsiú an 14 Bealtaine, 2005) don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí conarthaí a dhéanamh le gnóthais phríobháideacha chun seirbhísí tionlactha príosúnach a sholáthar ag cuimsiú aistriú príosúnach ón bpríosún go dtí an chúirt nó ó phríosún amháin go dtí ceann eile srl. Tá foráil sa Bhille go n-eiseoidh an tAire teastas a dheimhneoidh go bhfuil an t-iarratasóir inniúil agus ceart chun feidhmeanna oifigeigh choimeáda a chomhlíonadh. Ceadófar do chonraitheoirí a sholáthróidh seirbhísí tionlactha príosúnach na daoine sin a bhfuil teastais den sórt sin eisithe dóibh a fhostú agus iad sin amháin. Tá foráil sa Bhille freisin chun iarratais réamh-thrialacha áirithe a éisteacht gan an cúisí a bheith i láthair ar an gcoinníoll go mbeidh tarchur teilifíse beo ann ag cur ar chumas an chúisí a bheith rannpháirteach go hiomlán sna himeachtaí ón bpríosún ina bhfuil sé nó sí faoi choimeád.
- Rinne an **tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005** (arna achtú an 22 Meitheamh, 2005) athbheithniú ar an dlí



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

a bhaineann le sábháilteacht ag an obair, agus rinne sé roinnt athruithe suntasacha ar an dlí atá ann, ag teacht in áit Acht 1989 go hiomlán agus ag méadú na bpionós a ghearrtar ar roinnt cionta. Rinne an tAcht roinnt athruithe freisin chun éifeachtacht fhorfheidhmiú na reachtaíochta sábháilteachta a fheabhsú, lena n-áirítear trí fhíneálacha “ar an láthair” a thabhairt isteach.

- Tugann an **Bille Iascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2005** (arna fhoilsiú an 29 Meán Fómhair, 2005) aghaidh ar na saincheisteanna a ardaíodh i gcinntí na Cúirte Uachtaraí i dtaca le Browne agus Kennedy maidir le hiascaigh mhara. Tá deis glactha sa Bhille an dlí iascaigh mhara a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta a théann chomh fada siar faoi láthair le hAcht Iascaigh (Comhdhlúthú) 1959 arna leasú agus an méid a bhaineann le dlínse mhuirí a théann siar chomh fada leis an Acht um Dhlínse Mhuirí 1959 arna leasú agus chun neamhréireachtaí agus bearta as dáta a bhaint de. Ciallóidh an Bille ach a mbeidh sé achtaithe go n-éascófar d’aon duine a bheidh i mbun riaracháin, comhairliúcháin nó ionchúisimh sa réimse iascaigh mhara de bhrí nach dteastóidh uathu ach an Bille seo arna achtú agus an tAcht Iascaigh (Leasú) 2003 a bhaineann le ceadúnú, achomhairc agus stoic éisc imirceacha, in áit Achtanna 1959 agus a gcuid leasuithe.
- Áiríodh leis an **Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2005** (arna achtú an 14 Márta, 2005) forálacha lena bhain tábhacht shuntasach maidir le scéimeanna pinsean gairme, ag cur ar chumas iontaobhaithe pinsean infheistiú i gcistí trasteorann.
- An **tAcht Leasa Shóisialaigh Comhdhlúthú 2005** (arna achtú an 27 Samhain, 2005). 19 Acht Comhdhlúthaithe ó 1993 anuas go dtí Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2005.
- Rinne an **tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (Réamh-1922) 2005** (arna achtú an 18 Nollaig, 2005) aisghairm ar bhreis agus 200 seanrecht as Éirinn, Sasana, an Bhreatain agus an Ríocht Aontaithe a thagann roimh neamhspleáchas na hÉireann. Is ionann

iad sin agus reachtanna ar fad a bhí caite, as feidhm nó nach raibh ábhartha ar bhonn comhaimseartha in aon chor. Is céim amháin é an tAcht seo i bpróiseas a cuireadh le chéile ar threoracha ón Taoiseach agus ón Ard-Aighne atá ceaptha chun aisghairm a dhéanamh de réir a chéile ar gach reachtaíocht réamh-1922. Laistigh d’Oifig an Ard-Aighne, tá foireann taighdeoirí i mbun anailíse ar bhreis is 25,000 reacht réamh-1922, agus táthar ag taifeadadh torthaí an taighde sin i mbunachar sonraí cuimsitheach.

- An **Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005** (arna fhoilsiú an 25 Samhain, 2005)
- An **tAcht um Chleachtadh Tréidliachta 2005** (arna achtú an 12 Iúil, 2005). Tagann an reachtaíocht seo in áit na reachtaíochta a bhaineann le rialú na nGairmeacha Tréidliachta agus tugann sí chun dáta í agus áirítear léi freisin altraí tréidliachta a rialú den chéad uair riamh.

Chomh maith leis an ualach oibre a bhain le reachtaíocht phríomha, dréachtaíodh 259 ionstraim reachtúil laistigh den OPC le linn 2005. Ina measc sin bhí 40 trasuíomh de chuid na gComhphobal Eorpach.

Obair Oifig Phríomh-Atur na Stáit i 2005

Is achoimre é seo a leanas ar an obair a rinneadh i Rannóg Dlí Oifig Phríomh-Atur na Stáit le linn 2005.

Rannán an Dlí Phoiblí

Tá Rannán an Dlí Phoiblí comhdhéanta den Rannóg Tráchtála agus Bunreachta agus Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha agus déileálann sé le raon leathan dlíthíochta agus bíonn ard-chlú ar go leor de na cásanna, éilíonn siad cloí le teorainneacha ama an-dian agus baineann réimsí dlí an-chasta leo.

An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta

Chuaigh cuid mhaith de na cásanna a éisteadh sa Rannóg seo le linn 2005 chuig éisteacht iomlánach,



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

agus bhí raon leathan saincheisteanna ag baint leo mar dhlí tráchtála, bunreachta, conartha, fostaíochta, árachais, idirnáisiúnta, maoiné inltaehtúla, comhshaoil, pleanála, toghcháin, sláinte poiblí, leasa shóisialaigh, riaracháin agus an Aontais Eorpaigh.

Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha

Déanann an Rannóg sin ionadaíocht ar an Stát agus ar Údarás Stáit in iarratais ar athbhreithniú breithiúnach. Is éard is ciall le hAthbhreithniú Breithiúnach ná an próiseas ina bhfeidhmítear rialú breithiúnach ar ghníomh riaracháin agus ina gcleachtann an Ard-Chúirt dlínseacht thar na himeachtaí agus cinní na gcúirteanna íochtaracha, binsí fiosrúcháin agus comhlachtaí eile a chuireann feidhmeanna leath-bhreithiúnacha i bhfeidhm nó atá freagrach as achtanna agus dualgais phoiblí a chomhlíonadh.

Chomh maith le bheith ag déileáil le himeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha, is amhlaidh atá an Rannóg freagrach chomh maith as iarratais habeas corpus, cásanna luaite, cásanna uchtála, litreacha iarratais ó bhinsí fiosrúcháin eachtracha agus as doiciméid a sheirbheáil faoi Rialachán Comhairle AE Uimh. 1348/2000 agus Coinbhinsiún na Háige, 1965, maidir le seirbheáil cáipéisí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha thar lear i gcúrsaí sibhialtacha agus tráchtála. Fuarthas 189 cás a bhain le hAthbhreithniú breithiúnach agus 108 cás habeas corpus sa Rannóg i 2005.

An Rannán Ceartais agus Tearmainn

Tá trí Rannóg sa Rannán seo, mar atá ann Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta, an Rannóg Tearmainn agus an Rannóg Seirbhísí Dí.

An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta

Déileáilann an Rannóg seo le hImeachtaí Eiseachadta, iarratais ar Bharántais Ghabhála san Eoraip, comhairle a thabhairt maidir le daoine a aistriú faoi na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu 1995 agus 1997 agus iarratais ar Mhaoin Póilíní. Bíonn an fhoireann sa Rannóg seo i mbun Ionchúisimh Aireachta sa chúirt freisin, déanann siad ionadaíocht ar an nGarda Síochána ag éisteacht iarratais Cheadúnúcháin

Deochanna Meisciúla agus soláthraíonn siad ionadaíocht don Stát ag coistí cróinéara.

Tugadh isteach an Barántas Gabhála Eorpach an 1 Eanáir 2004 faoi Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 a thug éifeacht do Chinneadh Creatlaí Comhairle den 13 Meitheamh 2002 ag déileáil le nósanna imeachta géillte idir Ballstáit den Aontas Eorpach, agus tháinig siad in áit nósanna imeachta eiseachadta idir Stáit den sórt sin. Fuair an Rannóg 77 cás faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 le linn 2005.

I measc obair na Rannóige bhí ionadaíocht a sholáthar don Ghárda Síochána ag éisteacht Eiseachadta Dermot McArdle agus ag coiste cróinéara faoi bhás Seamus Ludlow i 1976.

Lean an painéal foirne ar dualgas san Oifig ag soláthar seirbhíse le linn na bliana chun seirbhís isló agus istoíche a sholáthar lasmuigh d'uaireanta oifige, i measc nithe eile, i gcásanna Eiseachadta agus Barántais Gabhála Eorpacha.

An Rannóg Tearmainn

Láimhseáilann an Rannóg Tearmainn gach cás tearmainn, inimirce agus aisdúichithe thar ceann na Roinne Dí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dí, Oifig Choimisinéir na nIarratas do Dhídeanaithe, an Binse Achomhairc Dhídeanaithe agus Bíró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce. Is obair dhlíthíoch den chuid is mó atá i gceist, a láimhseáilann iarratais ar Athbhreithnithe Breithiúnacha (i gcomhair cead dul chun cinn agus éisteachtaí ábhartha araon) chomh maith le hiarratais Habeas Corpus sa réimse tearmainn agus bíonn gá le freastal laethúil os comhair na hArd-Chúirte. Láimhseáilann sé freisin iarratais ón gCúirt Dúiche de bhua Acht na nDídeanaithe 1996 arna leasú. Osclaíodh thart ar 930 comhad nua a bhain le cúrsaí tearmainn sa Rannóg i 2005.

An Rannóg Seirbhísí Dí

Tá an Rannóg sin freagrach as cuntasáíocht costas dlí (lena n-áirítear billí costais a mheas agus freastal ar chánachas na mbillí sin) agus chun costais dlí atá dlite ar an Stát a aisghabháil. Tá sé freagrach freisin as táillí Abhcóidí a íoc agus feidhmíonn thar ceann na nÚdarás Stáit in éilimh Chúitimh an Gharda agus don Choimisinéir Luachála in achomhairc a thagann os comhair Bhinse Fiosrúcháin Luachála.



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

Láimhseálann an Rannóg Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach freisin in ábhair choiriúla sa Chúirt Dúiche agus bíonn baint aici le hionchúisimh Aireachta a ullmhú. Bíonn Ceannaire na Rannóige ina chathaoirleach ar Choiste a dhéanann maoirsiú ar scéim oiliúna dlí d'fhoireann chléireach san Oifig.

Rannán Dlíthíochta an Dlí Choitinn

Tá trí Rannóg le fáil i Rannán Dlíthíochta an Dlí Choitinn, mar atá an Rannóg um Chailleadh Éisteachta san Arm, Rannóg na nÉileamh Tortach agus Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta.

Rannóg um Chailleadh Éisteachta san Arm

Bunaíodh an Rannóg seo i 1995 chun déileáil le dlíthíocht chailleadh éisteachta a thug comhaltaí agus iar-chomhaltaí de chuid Óglaigh na hÉireann in aghaidh an Stáit. Dhéileáil an Rannóg le breis is 16,000 cás le 10 mbliana anuas agus déileáladh le 101 cás sa bhliain 2005. De bhua Ordú um Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligean agus a Bhronnadh) (I.R. Uimh.503 de 2005), tarmligeadh bainistiú na n-éileamh um chailleadh éisteachta in aghaidh an Aire Chosanta chuig an nGníomhaireacht um Éileamh ar an Stáit le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2005. Faoi dheireadh 2005, bhí an 400 cás beo a bhí fágtha ag an Rannóg um Chailleadh Éisteachta san Arm agus 1,050 cás ar fionraí (neamhghníomhach) chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a raibh an fhreagracht orthu as na cásanna sin a thabhairt chun críche. Leanann an Rannóg um Chailleadh Éisteachta ag déileáil leis an obair riaracháin (lena n-áirítear íocaíochtaí le hÍoc a ghlanadh agus billí costais a thabhairt chun críche), a bhfuil baint aici le bailchríoch a chur ar thart ar 4,500 cás nár aistríodh chuig an nGníomhaireacht um Éileamh ar an Stáit. Samhlaítear go dtabharfar an obair sin chun críche i 2006 agus is ansin a bheidh ar an Rannóg fúlleach na foirne a athlonnó chuig réimsí oibre eile san Oifig áit a dteastaíonn acmhainní breise.

Rannóg na nÉileamh Tortach

Déileáilann Rannóg na nÉileamh Tortach le dlíthíocht mhí-úsáid leanaí a éiríonn as éilimh mhí-úsáide in Institiúidí Cónaitheacha agus i Scoileanna Lae. Le linn theacht i bhfeidhm Ordú na Gníomhaireachta

um Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligean agus a Bhronnadh) 2005 (I.R. Uimh.503 de 2005) an 1 Meán Fómhair 2005, ghlac an Gníomhaireacht um Éileamh ar an Stáit freagracht as bainistiú dlíthíocht mí-úsáide leanaí agus leanann an Rannóg ag soláthar seirbhísí dlí ar an nGníomhaireacht um Éileamh ar an Stáit maidir le héilimh den sórt sin, agus is ar son Ranna Rialtais a rinne siad ionadaíocht roimhe seo sna cásanna sin. Chomh maith le haonad speisialta a bheith acu chun déileáil le dlíthíocht mí-úsáide Cónaithe, tá aonad eile freisin sa Rannóg a dhéileáilann le hobair a thagann os comhair an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, agus i measc obair an aonaid bhí teoracha a chomhlíonadh ó thaobh cáipéisíochta a aimsiú arna heisiúint ag an gCoimisiún.

Láimhseálann an Rannóg freisin éilimh ar dhamáistí as meabhlairacht, bréagnú díobhálacha, clúmhilleadh, díobháil a d'fhulaing ball den Garda Síochána nó Óglaigh na hÉireann fad is a bhí siad ar fiannas/dualgas don Stát, lasmuigh den Stát, chomh maith le hachomhairc chuig an Ard-Chúirt a rinne daoine a fuair ionfhabhtú ó heipitéas C nó HIV nó an dá cheann, trí fhuil nó táirgí fola.

Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta

Déileáilann an Rannóg seo go príomha le héilimh ar dhíobhálacha pearsanta nach bhfuil tarmligthe chuig an nGníomhaireacht um Éileamh ar an Stát mar éilimh ar dhamáistí a éiríonn as ionsuithe a dhéanann Gardaí nó Oifigigh Phríosúin, ionchúiseamh mailíseach, mí-úsáid mhailíseach ar an bpróiseas sibhialta agus éilimh maidir le dlíteanas faoi fhulaingt easlána meabhrach a gearradh d'aon turas. D'aistrigh an Rannóg formhór de na héilimh tharmligthe a bhí sé ag láimhseáil thar ceann na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát ar ais ar an nGníomhaireacht i 2005.

Rannán Maoine an Stáit

Déileáilann Rannán Maoine an Stáit le hidirbheartaíochtaí maoine, eastáit eiséataithe, deontais agus saincheisteanna teidil don Stát. Tá an Rannán eagraithe i dtrí Rannóg: Oifig na nOibreacha Poiblí/Rannóg Sláinte agus Leanaí, an Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt agus an Rannóg Airgeadais, Oideachais, Dlí agus Oidhreachta.



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

Oifig na nOibreacha Poiblí/Rannóg Sláinte agus Leanaí

Is tíolacadh tráchtála is mó a bhíonn ar bun ag an Rannóg seo agus áirítear leis cóiríocht a fháil ar léasú tráchtála do Ranna agus d'Oifigí Rialtais agus maoin a fháil agus a dhiúscairt faoi Chláir Rialtais éagsúla. I measc mórshaothair a láimhseáladh le linn 2005 bhí díolachán agus forbairt áitribh an Mhoil Dhigitigh ag Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 7 [ag seachadadh ar luach foriomlán de €118 milliún]; comhdhiúscairt le Eircom Teoranta ar shuíomh Westgate ag Bóthar Eoin, Baile Átha Cliath 7 [€45 milliún] agus díolachán ollmhór an Iar-Choláiste Tréidliachta Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 [€171 milliún]. Leanadh ag fáil suíomh ar fud na tíre faoin gClár Díláraithe, chomh maith le suímh scoileanna faoin gClár Soláthair Shuímh Scoile. Tionscnaíodh roinnt diúscairtí faoin Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne le linn na bliana. Leanadh ag fáil réidh le háitribh faoin gClár Sócmhainní Stáit a Nuachóiriú, le diúscairtí de bhreis is €300 milliún ann i rith 2005. Mar chuid den Chlár sin freisin, tugadh Comhaontú Ceadúnais Ghréasáin 3G do Shuímh an Gharda chun críche.

An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt

Déileáil an Rannóg seo le ceisteanna idirbheartaíochta agus comhairleacha i gcúrsaí maoin do na Ranna Rialtais seo a leanas - Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; Talmhaíochta agus Bia; Fiontair, Trádála agus Fostaíochta; Iompair; Cosanta; Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha; Ealaíon, Spóirt agus Turasoireachta. I measc na hoibre bíonn léasanna agus ceadúnais chladaigh, díolacháin agus léasanna ar áitreabh ag Ionaid Chuanta Iascaireachta agus áitreabh a dhíol nach dteastaíonn le haghaidh cúrsaí míleata a thuilleadh agus cur i bhfeidhm na creatlaí dlí chun fáil réidh le maoin don Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne. Tá an Rannóg freagrach freisin as obair dhlíthiúil maidir leis an gceist a bhaineann le Deontais an Chrannchuir Náisiúnta. I measc na ndeontas ollmhór ar déileáladh leo i 2005 bhí deontais do Pháirc an Chrócaigh agus Stáid Bhóthar Lansdún.

An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Dlí agus Oidhreacht

Áirítear leis an obair a dhéantar sa Rannóg seo gnéithe maoin de Scéim Slánaíochta Sásaimh na nInstitiúidí Cónaitheacha, tarscaoileadh ar mhaoín cuideachtaí díscailte faoin Acht Maoine Stáit 1954 agus an déileáil le heastáit eiséataithe sa chás gurb é an Stát an chomharbacht díthiomnóra bhunúsach, léasanna scoile, ceannacháin shuíomh do scoileanna agus do phríosúin agus deontais chun críocha cultúrtha (ACCESS). Clúdaíonn an obair oidhreacht séadchomharthaí náisiúnta a aimsiú, maoin stairiúil agus talamh portaigh chun críche caomhnaithe. Idirbheart mór a láimhseáladh i 2005 ab ea Halla Thornton a fháil i dtuaisceart chontae Bhaile Átha Cliath don phríosún nua atá beartaithe.

An Rannán Comhairleach

Tá ceithre Rannóg sa Rannán Comhairleach, mar atá: an Rannóg Chomhairleach Speisialta, an Rannóg Chomhairleach Ghinearálta agus Rannóg dlíthíochta an Stáit agus na hEorpa agus Rannóg na gConarthaí Tráchtála.

An Rannóg Chomhairleach Speisialta

Tá an Rannóg seo freagrach as déileáil le hobair na mBinsí Fiosrúcháin. Sholáthair aturnaetha as an Rannóg Chomhairleach ionadaíocht le linn 2005 do Choimisinéir an Gharda agus don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag an mBinse Fiosrúcháin a bhain le gearáin faoi Ghardaí ag Rannán Dhún na nGall ("Binse Fiosrúcháin Morris"). Déileáil an Rannóg freisin le cásanna acmhainní nádúrtha agus le hobair chomhairleach conartha agus rialála.

An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta

Tá an Rannóg seo freagrach as ceisteanna comhairleacha ginearálta, lena n-áirítear ag tionscnamh dlíthíochta Gearánaí thar ceann an Stáit, follasú tríú páirtí, imeachtaí dlí cuideachta, eadránacha, ceisteanna uchtaíochta, iniúchadh agus forbairt mianadóireachta agus peitriam, ionchúisimh mar ionchúisimh fiadhúlra agus gnáthóige, ionchúisimh phríomh-staitisticí chomh maith le hionadaíocht thar ceann an Stáit ar shaincheisteanna leasa poiblí a thagann os comhair na mBinsí



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

Fiosrúcháin agus ionadaíocht don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag an mBinse Fiosrúcháin faoi íocaíochtaí do na hUaisle Charles Haughey agus Michael Lowry (“Binse Fiosrúcháin Moriarty”).

Rannóg Dílíthíochta an Stáit agus na hEorpa

Déileálann an Rannóg le hobair fostaíochta agus déanann sí ionadaíocht thar Ranna agus thar Oifigí Rialtais ag éisteachtaí os comhair Coimisinéirí Ceart, an Chúirt Oibreachais, Binsí Achomhairc Fhostaíochta agus an Stiúrthóir Imscrúdaithe Comhionannais chomh maith le comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna fostaíochta faoi Rialacháin na Státseirbhíse. Déileálann sé freisin le dlíthíocht áirithe ina mbíonn Ranna agus Oifigí Rialtais mar Ghearánaithe agus cásanna Cuideachta mar Iarratais Athchóirithe Cuideachtaí. Déanann an Rannóg ionadaíocht ar son na hÉireann os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa agus Cúirt Chéadchéime na hEorpa thall sa Lucsamburg; agus le linn 2005 rinne an Rannóg bainistiú ar 31 cás a bhain le Cúirt Cheartais na hEorpa.

Rannóg na gConarthaí Tráchtála

Bunaíodh an Rannóg seo i 2005 agus beirt Aturnaetha ag obair inti (agus é i gceist Aturnae eile a shannadh go dtí an Rannóg i 2006). Déileálann an Rannóg leis an obair seo a leanas - tairiscintí, comhairlí soláthair, ceadúnais sonraí, comhairlí conartha agus dréachtú conartha.



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

Cuid II: Forbairtí Eagrúcháin

Coistí Comhairleacha Bainistíochta

Chas Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC), ionadaí as bainistíocht shinsearach Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, le chéile 7 n-uaire le linn 2005 chun comhairle a thabhairt don Stiúrthóir Ginearálta lena n-áirítear saincheisteanna a bhain leis an gclár oibre nuachóirithe. Bhuail Coistí áitiúla Comhairleacha Bainistíochta le chéile freisin ar bhonn míosúil chun comhairle a thabhairt don Stiúrthóir Ginearálta, don Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus do Phríomh-Aturnae an Stáit, mar ba chúf.

Foirniú

Faoi dheireadh 2005 b'ionann líon iomlán foirne in Oifig Shráid Mhuirfean agus 123 (mar a chéile le 2004) le 11 folúntas, agus b'ionann é agus 2004 ag 232 le 2.4 post in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. I rith na bliana earcaíodh foireann nua chomhairleach agus dréachtaithe, dhlíthiúil, riaracháin agus cléireachais in Oifig Shráid Mhuirfean agus foireann dhlíthiúil, theicniúil agus riaracháin in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

Treoir Seirbhísí Cliant agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí

D'fhoilsigh Oifig Shráid Mhuirfean Treoir Seirbhísí Cliant nua 2005 – 2007 agus d'fhoilsigh Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit Plean Gníomhaíochta Custaiméirí nua 2005 – 2007. Tá cuntas ar an dul chun cinn a rinneadh i gCaibidil 6 den Tuarascáil seo.

Teicneolaíocht na Faisnéise

Lean an Oifig ag déanamh dul chun cinn suntasach ó thaobh fhorfheidhmiú na Straitéise Teicneolaíochta Faisnéise in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Ba é an phríomhfhócas i 2005 dul chun cinn a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus leabú leanúnach a dhéanamh ar an gcéad Chóras Bainistíochta Airgeadais chomhtháite a chuaigh beo i mí Iúil, 2004. Tá cuntas ar an dul chun cinn a rinneadh i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

Bainistíocht Eolais

Rinneadh forfheidhmiú den chuid ba mhó ar mholtaí Straitéis Bainistíochta Eolais na hOifige 2003–2005 in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit faoi dheireadh 2005. Féach Caibidil 8 den Tuarascáil seo chun breis eolais a fháil.

Atheagrú laistigh den Oifig

Seirbhísí Dlí

Lean an Oifig ag atheagrú agus ag forbairt breis speisialtachtaí le linn 2005 chun freastal ar riachtanais athraitheacha Rann Rialtais agus cliant agus í ag iarraidh speisialtachtaí ní ba mhó a bhaint amach i réimsí lárnacha.

An Coiste Iniúchóireachta

Chas an Coiste Iniúchóireachta, ag cuimsiú 3 lucht pearsanra seachtrach agus ionadaí as gach Oifig, ar a chéile 5 huairé le linn 2005. I measc na n-ábhar ar déileáladh leo rinneadh 9 dTuarascáil Iniúchóireachta Imheánacha a bhreithniú agus a athbhreithniú:

- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí - Meastóireacht ar Chórais na Tuarascála ar Rialuithe Airgeadais Imheánaigh
- Teastais Imréitigh Chánach agus Nósanna Imeachta Siarchoinneála Cánach san AGO/CSSO agus Iniúchadh Leantach LRC
- Tuarascáil Táillí d'Abhchóide
- Iniúchadh Leantach ar Phárolla san AGO/CSSO
- An tAonad Leabharlainne/Fios Gnó - CSSO
- Iniúchadh Leantach ar Mhionairgead san AGO/CSSO
- Nósanna Imeachta Cuntasaíochta - CSSO
- Ceannachán go híocaíocht san AGO/CSSO
- Iniúchadh Leantach ar Tháillí Abhchóide san AGO/CSSO

Bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta freisin i Meitheamh agus i mí na Nollag 2005 Tuarascálacha



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

ar fhorfheidhmiú san AGO/CSSO agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le moltaí a rinneadh i dTuarascálacha Iniúchóireachta roimhe sin.

I measc forbairtí agus saincheistanna eile a phléigh an Coiste Iniúchóireachta i 2005 bhí forfheidhmiú Straitéis Bainistíochta Riosca fhoirmiúil don Oifig. Lean an Coiste freisin ag cinneáil gach tionscadal IT faoi athbhreithniú le linn na bliana agus fuair léiriúcháin ó Bhainisteoirí Tionscadail atá freagrach as an gCóras nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus an Córas Bainistíochta Airgeadais.

Dul Chun Cinn a Choinneáil

Tá an Oifig lántiomanta chun forálacha chomhaontú na comhpháirtíochta sóisialta, *Dul Chun Cinn a Choinneáil*, a chur i bhfeidhm. I Márta agus i Meán Fómhair 2005 ab amhlaidh chuir Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Atur na Stáit an Ceathrú agus an Cúigiú Tuarascáil Dhul Chun Cinn ar leithligh isteach ar fheidhmiú Phlean Gnímh gach Oifig. Ar bhunús na dTuarascálacha Dhul Chun Cinn sin chinn an CSPVG go raibh foireann as an dá Oifig agus as an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí incháilithe chun an pá Tagarmharcála a fóc leo chomh maith le harduithe eile a bhí dlite le linn an bliana. Foilsíodh na Tuarascálacha Dhul Chun Cinn agus na Pleananna Gnímh Athbhreithnithe ar láithreán gréasáin na hOifige.

Rialúchán Níos Fearr

Ag teacht le tiomantas an Rialtais chun Ráiteas Beartais Náisiúnta a fhoilsiú ar Rialúchán Níos Fearr, bhí tionchar mór fós ag na moltaí chun inrochtaineacht agus comhtháiteacht ar Dhlí Reachta na hÉireann a fheabhsú ar obair na hOifige i 2005.

Tionscnaimh Oibre Trasfheidhmeacha

Lean foirne trasfheidhmeacha as Oifig Shráid Mhuirfean agus as Oifig Phríomh-Atur na Stáit ag feidhmiú Tionscadal Chóras Bainistíochta Taifead agus Cásanna, Tionscadail an Chórais Bainistíochta Airgeadais, Tionscadal Chóras Bainistíochta Acmhainní Daonna, agus Tionscadal Bainistíochta Eolais agus tionscadail eile le linn 2005. Lean an fhoireann as Oifig Shráid Mhuirfean ag obair le Tithe an Oireachtais ar an tionscadal ríomh-Reachtaíochta agus le foireann as Roinn an Taoisigh san

athbhreithniú ar Lámhleabhar na Comhairleachta.

D'oibrigh an fhoireann as an dá Oifig agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí le chéile freisin ar shaincheistanna mar dhul chun Athbhreithnithe Caiteachais agus forfheidhmiú Thuarascáil Mullarkey agus Thuarascáil Nally maidir le hAtheagrú Oifig Phríomh-Atur na Stáit.

Solúbthacht Eagrúcháin in Oifig Shráid Mhuirfean

Aithníonn an Oifig gur gá moltaí a fhorfheidhmiú chun solúbthacht eagrúcháin a mhéadú. Tá soghluaiseacht mhór foirne idir Oifig Shráid Mhuirfean agus Grúpaí na nDréachtóirí Parlaiminte agus freisin idir Grúpaí Abhcóide Comhairleacha agus idir Aonaid Ghnó Riaracháin, chun freagairt d'éilimh oibre práinneacha.

Bhí siad seo a leanas i measc samplaí sainiúla solúbthachta a léirigh Oifig Shráid Mhuirfean le linn 2005:

- Sannadh leanúnach de bhainisteoirí tionscadail lánaimseartha agus pearsanra eile i gcás an Chórais Bhainistíochta Taifead agus Cásanna agus tionscadail an Chórais Bhainistíochta Airgeadais;
- Bhí foireann dhlíthiúil agus riaracháin ar fáil go leanúnach do Thionscadail IT éagsúla
- Malartú fhoireann Chlárlann na hOifige le pearsanra ó Oifig Phríomh-Atur na Stáit chun taithí a thabhairt dóibh ar chórais chomhdaithe a chéile sula dtabharfaí isteach an nua-Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead;
- Oiliúint leanúnach pearsanra an Aonaid Airgeadais agus Aonaid eile i bhfeidhmeanna cuntasaíochta a bhain le céad Chóras Bainistíochta Airgeadais Chomhtháite na hOifige;

Tharla an tsolúbthacht sin ag tráth nuair a tháinig méadú mór ón mbliain roimhe sin ar ualach oibre na hOifige. Bhí ar an bhfoireann a bhí fágtha tabhairt faoin obair a rabhtas á déanamh roimhe sin ag foireann athlonnaithe.

Lean foireann Clárlainne, dhlíthiúil, dréachtaithe agus riaracháin ag comhoibriú le chéile sa bhliain



3

PRÍOMHFHORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2005 (AR LEANÚINT)

2005 freisin chun doiciméid a bhí dlite le haistriú chuig Oifig na gCartlann Náisiúnta le heisiúint i mí Eanáir 2006 a shainaithint.

Solúbthacht Eagrúcháin in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Tá solúbthacht eagrúcháin mar thosaíocht ag an Oifig, agus atheagraítear baill foirne, dualgais agus rannóga go rialta mar fhreagra ar éilimh athraitheachta na gcliant. D'aithin an Oifig réimsí le linn 2005 inar theastaigh seirbhísí ní ba speisialaithe ó chliant, agus d'ailínigh sí earcaíocht, oiliúint agus struchtúir eagraíochta dá réir.

Bhí an Oifig solúbtha i gcónaí ag dáileadh acmhainní foirne ar Bhinsí Fiosrúcháin. Lean seisear aturnaetha ag obair ag na Binsí Fiosrúcháin atá ar bun go comhuaineach. Lena chois sin, lean an Oifig ag soláthar beirt Aturnaetha nuair a theastaigh siad chun ionadaíocht a dhéanamh ar Leas an Phobail ag Binsí Fiosrúcháin.

Lean an Oifig ag soláthar beirt Aturnaetha chun déileáil leis an eadráin idirnáisiúnta leanúnach in aghaidh na Ríochta Aontaithe a d'eascair as feidhmiú ghléasra MOX ag Sellafield, agus rinne sí forbairt ar a hinniúlacht sa réimse Dí Núicléach dá réir.

Bhí siad seo a leanas i measc na samplaí ba shainiúla den tsolúbthacht a léirigh an Oifig i rith 2005:

- Lean painéal aturnaetha a bunaíodh le haghaidh fostaíocht ghearrthéarmach le dul in áit foireann bhunaithe a bhí ar shos gairme agus ar shaoire shínte.
- Lean foinsiú allamuigh gach dualgas 'cléireachais' lasmuigh chuig comhlacht próbháideach agus bhí an Oifig sásta leis sin;
- D'fhostaigh an Oifig comhlachtaí aturnaetha seachtracha, le saineolas ar leith, chun feidhmiú thar ceann an Stáit i bhforbairtí tráchtála ar dphróifíle um acmhainní nádúrtha;
- Lean an Oifig ag bainistiú painéil d'aturnaetha seachtracha d'Oifig na nOibreacha Poiblí chun sainseirbhís dlí a chur ar fáil d'Oifig na nOibreacha Poiblí ag costais iomaíocha. Tá sé seo uile sa bhreis ar an obair a dhéanann an

Oifig go díreach d'Oifig na nOibreacha Poiblí féin.

- Bunaíodh Rannóg Conarthaí Tráchtála saintiomanta.

Coistí Comhpháirtíochta

Lean na Coistí Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit lena ról lárnach ó thaobh forbairt leanúnach an chultúir athraithe sna hOifigí. Chas Coiste Oifig Shráid Mhuirfean le chéile 10 n-uaire le linn na bliana agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit 11 uair agus ba é fócas an dá Choiste, a bhfuil ionadaíocht acu ar fud na hOifige, déileáil le príomh-shaincheisteanna a bhain leis an Oifig agus cúrsaí a bhain le forfheidhmiú an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach. Thug foghrúpaí a bunaíodh chun saincheisteanna mar Cumarsáid, Straitéis HR, Seirbhís Cliant, PMDS, *Dul Chun Cinn a Choinneáil*, Nósanna Imeachta Promhaidh agus Gradaim as Feidhmíocht Eisceachtúil tuairisc do Choiste Oifig Shráid Mhuirfean le linn na bliana. Dhéileáil Coiste Comhpháirtíochta an CSSO agus Fochoistí le saincheisteanna mar Cumarsáid, Straitéis HR, Dul Chun Cinn a Choinneáil, Sláinte agus Sábháilteacht, Cóiríocht, Beartais IT agus Beartas um Chaitheamh Tobac.

Iarratais um Shaoráil Faisnéise

Tá staitisticí ar iarratais chuig Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit faoin Acht um Shaoráil Faisnéise leagtha amach in Iarscríbhinn F. Lean an Oifig ag tabhairt comhairle don Aonad Beartais Lárnach sa Roinn Airgeadais ar shaincheisteanna dlíthiúla a bhain le forfheidhmiú agus le feidhmiú na nAchtanna.





CAIBIDIL 4

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 1 Á BHAINT AMACH



4

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 1 Á BHAINT AMACH

Eochairchuspóir 1

Soláthar sainseirbhísí dlíthiúla a fhorbairt i ngach réimse dlí a mbaineann fíorthábhacht leo ó thaobh Rialtais, Rann agus Oifigí de.

Tá méadú mór tagtha ar mhéid agus ar chastacht obair na hOifige agus baineann sí le réimsí níos leithne. Tharla sé seo de bharr clár méadaithe reachtaíochta an Rialtais agus toisc go bhfuiltear ag dul chun dlí agus dlíthíochta i bhfad níos minice. Mar chuid dá freagra ar na héilimh mhéadaithe seo ab ea a rinne an Oifig iarracht a chinntiú go bhfuil an speisialtóireacht atá aici ailínithe go dlúth le riachtanais na Rann cliaint.

I measc na straitéisí atá ann leis an gcuspóir seo a aimsiú atá:

- Trí mheán na suirbhéanna cliaint agus aiseolais ó chliaint agus ár n-anailís féin, réimsí dlí a aithint a mbeidh comhairle dlí ag teastáil ina dtaobh, .i. riachtanais chliaint a réamh-mheas, agus scrúdú a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun an chomhairle sin a sholáthar. Lena aithint go sonrach:
 - > réimsí reatha i mbéal formhéadaithe;
 - > réimsí nua;
 - > réimsí meathlacha;
 - > agus, nuair is gá, prótacail a cheapadh do na bealaí foirmlithe agus seachadta comhairle.
- A chinntiú go bhfuil an cumas agus an tsolúbthacht ag an Oifig i gcoitinne chun sainchomhairle agus seirbhísí dlí a sholáthar de réir mar is gá.
- Laghdú a dhéanamh ar bhaol dámhachtainí/socraíochtaí in aghaidh an Stáit i gcásanna díobhála pearsanta. Níl ach líon beag catagóirí éilimh i leith díobhála pearsanta fágtha anois faoi shainchúram na hOifige. Déanann an Oifig grúpaí éileamh le comhthréithe a bhainistiú ar bhealach straitéiseach. Oibríonn an Oifig go dlúth, agus i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun toradh optamach a bhaint amach don Stát i gcás na n-éileamh a tharmligtear chuig an nGníomhaireacht. Coinníonn an tArd-Aighne cumhacht threoraithe i leith na n-éileamh seo.

- Comhairle chúil dlí a sholáthar maidir le meicníochtaí fiosraithe faoi ábhair a bhfuil spéis phráinneach nó shuntasach ag an bpobal iontu. Thabharfadh comhairle dlí dá sórt aird ar mhian an Rialtais meicníochtaí fiosraithe a ghlacadh le luach airgid don cháiniocóir a chinntiú.

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

An Taobh Comhairleach d'Oifig Shráid Mhuirfean

Lean an taobh Comhairleach d'Oifig Shráid Mhuirfean le linn 2005 ag díriú ar fhorbairt bhreise, feabhsú agus mionchoigeartú a dhéanamh ar speisialtóireacht mar rud lárnach chun eochairchuspóirí agus straitéisí na hOifige a bhaint amach. Rinneadh anailís agus athbhreithniú iomláin ar ualach oibre agus ar chomhdhéanamh na nGrúpaí Comhairleacha ar fad i rith na bliana, agus d'aithin an Oifig réimsí nua dlí a bhí ag teacht chun cinn agus réimsí dlí atá ag leathnú. Aithníodh freisin gur gá riachtanais chliaint a réamh-mheas agus an t-aiseolas a fhaightear ó chliaint i ngach réimse dlí a scrúdú.

Lean gach ceann de na Grúpaí Comhairleacha orthu ag cur na hoibre in ord tosaíochta trí bhualadh go rialta le Ranna cliaint. Bhí cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla rialta ar siúl ar feadh na bliana. Chuir na cruinnithe sin deis ar fáil chun an t-aiseolas a fuarthas ó chliaint ar shaincheisteanna seachadta seirbhíse a mheas agus chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna straitéiseacha nua.

Lena chois sin bhuaill go leor grúpaí le chéile go rialta laistigh den Oifig chun ualach oibre agus saincheisteanna a bhain le cásanna ar leith a phlé. Chuir an Cruinniú Saincheisteanna Díl míosúil, an grúpa dlíodóirí lucht iarrtha tearmainn agus Grúpa an Abhcóide Chomhairligh deiseanna luachmhara ar fáil chun fios gnó dlí mar aon le smaointe agus tuairimí a mhalartú i measc grúpaí speisialtóirí difriúla.

Attaché Dílthiúil leis an AE

Bliain ghnóthach a bhí ag an Abhcóide Comhairleach a tugadh ar iasacht do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann leis an Aontas Eorpach. Is iomaí feidhm atá á comhlíonadh aige i gcónaí agus tá gearrchuntas orthu i gCaibidil 3 den Tuarascáil seo.



4

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 1 Á BHAINT AMACH (AR LEANÚINT)

Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte an Rialtais

Lean Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte an Rialtais (OPC) ar aghaidh i rith 2005 ag díriú ar fhorbairt bhreise agus feabhsú a dhéanamh ar speisialtóireacht mar rud lárnach chun eochairchuspóirí agus straitéisí na hOifige a bhaint amach. Lean an Oifig uirthi ag bainistiú sheachadadh dréacht-seirbhíse éifeachtúla agus sofhreagraí laistigh den OPC i dtrí cinn de Shainghrúpaí. Bhí cur chuige comhar-dhírthe ag gach Grúpa díobh chun riachtanais gach Roinn cliant a shásamh maidir le seirbhís dréachtaithe reachtaíochta d'ardchaighdeán a sholáthar. Cinntíodh sa chaoi sin go raibh leibhéal ard saíneolais agus speisialtóireachta ar fáil a bhí dhírthe ar riachtanais sainiúla gach Roinn cliant.

Tionóladh cruinnithe neamhfhoirmiúla le linn na bliana le Ranna cliant chun measúnú a dhéanamh ar aiseolas a fuarthas faoi sheachadadh seirbhísí, agus chun réimsí a shainiú ina bhféadfaí an tseirbhís a fheabhsú. Ina theannta sin, bhí cruinnithe faoi chomhaid dlí ar leith idir an dlíodóir ar sannadh comhad dó nó di agus an Roinn cliant ábhartha. Thug cruinnithe dá sórt deis don dréachtóir gach gné de chomhad agus de bheartas an Rialtais agus na hOifige a phlé le hoifigeach na Roinne.

Lean an OPC leis an mbeartas conarthaí fostaíochta a dhéanamh le Dréachtóirí Comhairleacha Parlaiminte a fhostú ar conradh. Rinneadh sé seo le cur ar chumas na hOifige seirbhís shofhreagrach leanúnach a chur ar fáil le linn tréimhse ina raibh éilimh thar cuimse uirthi. D'fhostaigh an Oifig Dréachtóirí Comhairleacha Parlaiminte breise i mí Lúnasa 2005.

Lean an Oifig ar aghaidh leis an bPlean Oiliúna do Dhréachtóirí Parlaiminte i gcás na ndréachtóirí a earcaíodh le déanaí. Baineadh leas as an Lámhleabhar Dréachtaithe agus na hIonstraimí Reachtúla, Seicliostaí agus Treoirínte Dréachtaithe sa phróiseas oiliúna freisin. Cuireann na téacsanna seo san áireamh an simpliú ar chóir a dhéanamh ar an gcineál teanga atá le húsáid i dtéacsanna dlíthiúla. Lean an Dréachtóir Parlaiminte ar aghaidh ag glacadh páirte i gcúrsaí oiliúna a chuir an tIonad um Bainistiú agus Forbairt Eagrúcháin ar fáil maidir leis an bpróiseas reachtúil. Éascaíonn na cúrsaí seo go mór le Ranna cleachtadh a fháil ar an bpróiseas reachtúil agus chun léiriú a thabhairt do Ranna cliant ar an leibhéal teagaisc is gá chun seirbhís éifeachtach dréachtaithe a éascú. Ghlac baill an OPC páirt freisin i seimineáir san Fhoras Riaracháin a

bhain le dréachtú ionstraimí reachtúla. Ba chuid iad seo den Teastas i Staidéir na Státseirbhíse agus Gníomhaireachtaí Stáit a bhfuil Ollscoil na hÉireann ag tabhairt creidiúnaithe dó.

Leasú an Dlí Reachtúil

Lean an Oifig ag soláthar seirbhíse dlí discrídí speisialtachta le linn 2005 de réir shainordú an Aonaid-

- clár athchóirithe agus comhdhlúthaithe dlí reachta a dhréachtú,
- maoirsiú na n-innéacsanna a bhainistiú do na reachtanna agus
- beartas a bhunú agus a fheidhmiú ar chomhleanúnachas agus inrochtaineacht dlí reachta in Éirinn a fheabhsú.

Rinne an Oifig iniúchadh i 2003 ar an reachtaíocht a achtaíodh idir 1235 agus 1922 agus ritheadh an tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (Réamh-1922) 2005 dá thoradh sin i mí na Nollag 2005. Tá foráil san Acht sin aisghairm a dhéanamh ar 251 Acht atá caite nó iomarcach.

Tá oifig an Ard-Aighne ag obair i gcomhar le Roinn an Taoisigh i ndiaidh an Achta sin ar anailís leathan a dhéanamh ar an reachtaíocht a d'achtaigh parlaimintí éagsúla Éireannacha, Sasanacha, Briotanacha agus de chuid na Ríochta Aontaithe, a raibh forlámhas acu ar Éirinn roimh a neamhspleáchas. Cuireadh tús leis an anailís sin in Aibreán 2005 agus is athbhreithniú cuimsitheach í ar an reachtaíocht réamh-1922. Ullmhófar bunachar sonraí leictreonach mar chuid den athbhreithniú a thabharfaidh liosta de na hAchtanna roimh 6 Nollag 1922 a bhain le cúrsaí ginearálta nó cúrsaí poiblí agus tabharfaidh sé le fios na cinn a bhfuil feidhm leo fós. Meastar go bhfoilseofar an Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil go déanach i 2006.

Cuireadh tús le hobair i rith 2005 chun Leabhar Leictreonach Reachta na hÉireann a nuashonrú agus Achtanna, Ionstraimí Reachtúla agus Táblaí Cróineolaíochta do na blianta 2004 agus 2005 a chur ann. Obair í seo chun láithreán gréasáin na hOifige a thabhairt suas chun dáta i 2006.



4

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 1 Á BHAINN AMACH (AR LEANÚINT)

Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO)

Lean Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ag forbairt agus ag feabhsú seirbhísí dlí speisialtacha le linn 2005 i réimsí a bhí tábhachtach do Ranna agus d'Oifigí cliaint. Dhírigh an Oifig ar réimsí reatha oibre atá ag leathnú a shainaithint agus ar réimsí nua oibre mar chonarthaí tráchtála, dlí fostaíochta, dlíthíocht um mí-úsáid scoil lae, dlíthíocht um mí-úsáid chónaithe, riachtanais speisialta agus dlíthíocht um leas leanaí.

I measc na mórthionscnamh tá:

- Soláthar leanúnach seirbhíse tíolactha do Chlár Díláraithe an Rialtais.
- Imlonnú leanúnach Aturnaetha chun déileáil le hiarratais ar Bharántais Eorpacha Gabhála agus seirbhís a sholáthar lasmuigh d'uaireanta oifige do chásanna den sórt sin agus do chásanna Eiseachadta.
- Feidhmiú leanúnach Aonaid saintiomanta chun obair a bhí os comhair an Choimisiúin um Fhiosrúchán faoi Mhí-Úsáid Leanaí a láimhseáil.
- Aonad faoi leith a bhunú chun dul i ngleic le dlíthíocht um mí-úsáid chónaithe.
- Foireann a choinneáil ann go leanúnach chun déileáil le cásanna leasa riachtanais speisialta.

Maidir leis na réimsí oibre sin a bhfuil meathlú ag teacht orthu, lean an Oifig uirthi ag cur deiridh lena Rannóg um Chailteanas Éisteachta san Arm agus é ar intinn aici an Rannóg a dhúnadh i 2006.



CAIBIDIL 5

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 2 Á BHAINT AMACH



5

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 2 Á BHAINT AMACH

Eochairchuspóir 2

Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig féin

Is iad na straitéisí atá ann chun an cuspóir seo a aimsiú:

- Bainistiú Acmhainní Daonna a fhorbairt ar shlí a bheidh oiriúnach d'eagraíocht seirbhíse gairmiúla, tar éis
 - > comhairle a ghlacadh faoi riachtanais seirbhíse den sórt sin;
 - > aird a thabhairt ar Eochairchuspóirí na hOifige.
- Leanúint d'fhorfheidhmiú PMDS san Oifig chun forbairt straitéiseach na hOifige a léiriú ar an mbonn nach mbaintear spriocanna straitéiseacha amach ach trí fheidhmíocht na foirne. Tá fócas breise le cur ar shainaitheint agus ar fhorbairt na gcró-inniúlachtaí/croiscileanna ábhartha.
- A chinntiú go ndéanfar measúnú ar na bearta airgeadais a forbraíodh chun críocha Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta (MIF).
- Oiliúint a sholáthar do gach leibhéal bainistíochta san Oifig.
- Leanúint ar aghaidh ag cur feabhais leis na deiseanna oiliúna agus forbartha atá ar fáil don fhoireann sa dá Oifig, le go bhfaighidh siad na scileanna agus an t-eolas is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh de réir na gcaighdeán is airde agus chun cur lena bhforbairt ghairmiúil.
- Ag teacht leis an Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach, oiliúint agus forbairt bainistíochta a sholáthar lena gcuirfear ar chumas bainisteoirí an bhainistíocht feidhmíochta a leabú mar thosaíocht do gach bainisteoir agus é sin a nascadh le riachtanais an Rialtais.
- Feidhm iniúchta inmheánaigh a fhorbairt i gcomhar leis an gCoiste Iniúchta, i bhfianaise Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta.

- Tosaíochtaí agus próisis bhainistíochta priacail a fhorbairt i gcomhar leis an gCoiste Iniúchta.

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

Oifig Shráid Mhuirfean

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Bhí an PMDS leabaithe fós laistigh den Oifig i rith 2005. Aontaíodh go mbeadh Foirmeacha Róil/Próifíle ann do gach ball foirne i leith ceathrú timthriall bliantúil an PMDS a thosaigh i mí Eanáir 2005, le hathbhreithnithe eatramhacha agus deiridh á ndéanamh mar a socraíodh. Cuireadh tús le haiseolas aníos ag céim an Athbhreithnithe Eatramhaigh i rith na bliana. Tá an Oifig ag ullmhú faoi láthair an PMDS a nascadh le beartais Acmhainní Daonna maidir le harduithe céime, fócaíochtaí incrimintí agus araile sna timthrialta amach anseo.

Ionadaíocht Inscne

Tá Oifig Shráid Mhuirfean chun tosaigh i gcónaí ar spriocanna an Rialtais maidir le cothromaíocht inscne. Ba iad seo a leanas figiúirí na buanfhoirne ag deireadh mhí na Nollag 2005:

| Grád | Baineann | | Fireann | |
|-------------------------------------|----------|-------|---------|-------|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| Ard-Stiúrthóir | 1 | (100) | 0 | (0) |
| Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte | 1 | (100) | 0 | (0) |
| Leas-Ard-stiúrthóir | 0 | (0) | 1 | (100) |
| Céad Dréachtóir Parlaiminte | 0 | (0) | 1 | (100) |
| Leibhéal Rúnaí Cúnta | 3 | (33) | 6 | (67) |
| Leibhéal Príomh-Oifigigh | 8 | (43) | 11 | (57) |
| Leibhéal Príomh-Oifigigh Chúnta | 9 | (43) | 12 | (57) |
| Leibhéal Ard-Oifigigh Feidhmíocháin | 4 | (57) | 3 | (43) |
| Leibhéal Oifigigh Feidhmíocháin | 5 | (50) | 5 | (50) |
| Leibhéal Oifigigh Fhoirne | 2 | (100) | 0 | (0) |
| Leibhéal Oifigigh Chléirigh | 34 | (87) | 5 | (13) |



5

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 2 Á BHAINT AMACH (AR LEANÚINT)

Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ba ionann céatadán na mball foirne le míchumais ag deireadh 2005 agus 4.1 faoin gcéad, céatadán a bhí os cionn sprioc 3% an Rialtais. Leanadh den chleachtas ar cuireadh tús leis sna blianta roimhe sin maidir le comórtais earcaíochta, agus chuir an Oifig an tSeirbhís um Cheapacháin Poiblí ar an eolas go raibh saoráidí oiriúnacha san Oifig agus go raibh sí toilteanach daoine le míchumais a fhostú. Lean an Oifig ar aghaidh ag cur feabhais lena hinrochtaineacht trí leas a bhaint as a láithreán gréasáin agus trí chur i bhfeidhm a lán de na moltaí a rinneadh nuair a choimisiúnaigh sí iniúchadh inrochtaineachta ar a háitreabh i 2004.

Oiliúint agus Forbairt in Oifig Shráid Mhuirfean

Aithníonn Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, mar eagraíochtaí 'eolasbhunaithe' a sholáthraíonn seirbhísí dlí do Ranna agus Oifigí cliaint, an tábhacht a bhaineann leis an bhfeidhm oiliúna agus forbartha. Bhí soláthar de dheiseanna leordhóthanacha oiliúna agus forbartha cuí do bhaill foirne mar chroíluch i gcónaí, agus baineann tábhacht breise fós leis de bharr méaduithe sa speisialtóireacht dlí.

Mar thoradh ar riachtanais oiliúna a aithníodh agus a comhaontaíodh faoin PMDS go príomha, d'eagraigh an tAonad Oiliúna agus Forbartha beagnach fiche cúrsa éagsúil chomh maith le freastal a eagrú ag roinnt mhaith seimineár a phléigh le hábhair thábhachtacha dlíthiúla. Cuireadh spéis mhór i seimineár faoi Dhlí Coiriúil an AE a reáchtáladh i mí Iúil, 2005 i dTithe an Rialtais agus bhí a lán ó fhoireann na hOifige agus ó fhoirne dlí na Rann Rialtas i láthair.

Dhírigh an tAonad Oiliúna agus Forbartha go príomha ar oiliúint a chur ar fáil don Chóras nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead i rith 2005 agus d'eisigh an Oifig iarratas ar thairiscintí go luath sa bhliain chun oiliúint a chur ar fáil don tionscadal seo. Chuir an traenálaí a roghnaíodh tús le clár oiliúna i mí Aibreán, 2005 don chuid sin den fhoireann a bhfuil baint acu le treoirchuid an tionscadail. Cuireadh tús le clár céimithe oiliúna san fhómhar don chuid eile den fhoireann a bhfuil baint acu leis.

Chaith an Oifig €318,545 ar an iomlán ar oiliúint i rith 2005. Tá liosta iomlán na gcúrsaí ar

freastalaíodh orthu agus ní ba mhó mionsonraí ar chaiteachas oiliúna le fáil in Iarscríbhinn G den Tuarascáil seo.

Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Bainistíocht Acmhainní Daonna

Ceadúnas Earcaíochta

Chuir an CSSO isteach ar cheadúnas earcaíochta i rith 2005 ón gCoimisiún um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus d'éirigh léi é a fháil.

Beidh rogha earcaíochta níos leithne ag an CSSO dá thoradh seo.

Timpeallacht Dhearfach Oibre

D'eisigh an Roinn Airgeadais Beartas athbhreithnithe Frithchiaptha, Frithchiaptha Gnéis agus Fritromaíochta don Státseirbhís i mí Iúil 2005. D'fhostaigh an CSSO éascaitheoir seachtrach i rith 2005 chun saotharlanna leathlae a chur ar fáil don fhoireann. Ritheadh ocht gceardlann roimh dheireadh na bliana. Táthar ag súil go leanfar de na ceardlanna seo i 2006 go dtí go mbeidh gach ball den fhoireann tar éis freastal ar cheann acu.

Beartas Méala

Rinneadh Beartas Méala a fhorbairt agus a chur bhfeidhm san Oifig le cabhair an Choiste um Acmhainní Daonna i rith 2005.



5

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 2 Á BHAINT AMACH (AR LEANÚINT)

PMDS

Cuireadh aiseolas aníos i bhfeidhm go hiomlán san Oifig i 2005, agus cuireadh céim a dó i bhfeidhm go rathúil sa timthriall athbhreithnithe bliantúil i mí na Nollag 2005.

Tuarascáil 1452 na Comhairle Ginearálta, comhtháthú PMDS le beartais agus próisis Acmhainní Daonna, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i 2005. Bainfear leas as córas comhtháite measúnaithe PMDS i gcás gach athbhreithniú bliantúil ó 1 Eanáir 2006 ar aghaidh, ach déanfar é seo ar mhaith le cúrsaí oiliúna agus taithí amháin. Bainfear leas as an gcóras sin, áfach, ó 1 Eanáir 2007 ar aghaidh chun cinntí iarbhrí a dhéanamh faoi incrimintí, faoi phoist le scála pá níos airde agus i gcás comórtas d'arduithe céime. Chuir an Bainisteoir Acmhainní Daonna tús le seisiúin faisnéisithe do bhaill foirne faoi ghnéithe suntasacha na tuarascála i 2005, agus leanfar den obair seo i 2006 le cinntiú go gcuirfear an córas i bhfeidhm go réidh an 1 Eanáir 2007.

Lena chois sin d'fhreastail cuid de bhaill an Choiste Acmhainní Daonna ar an gcéad shaotharlann faoi chomhtháthú PMDS le beartais agus próisis Acmhainní Daonna san Ospidéal Ríoga, Chill Mhaighneann, i mí na Samhna 2005.

Tugadh isteach na ceithre chroí-inniúlacht seo a leanas san CSSO don bhliain 2006

- Córas Bainistíochta agus Forbartha Daoine- Ag Obair le Chéile go Rathúil;
- Bainistiú Éifeachtach Faisnéise;
- Cumarsáid - Do Theachtaireacht a Chur in Iúl do Dhaoine;
- Seirbhís Custaiméara – Freastal a Dhéanamh ar Ár gCliaint.

Cóiríocht

Bhí díospóireachtaí leanúnacha ar siúl le hOifig na nOibreacha Poiblí faoin gcóiríocht a bhí ann d'fhoireann na hOifige agus thángthas ar comhaontú go déanach i 2005 faoi chóiríocht a chur ar fáil i dTeach na Seansaireachta, Lána na Seansaireachta do cheann de rannáin dlíthiúla na hOifige. Socraíodh Meán Fómhair 2006 mar dháta dóchúil aistrithe.

Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ba ionann an céatadán de bhaill foirne le míchumais ag deireadh 2005 agus 3.5 faoin gcéad, céatadán a bhí os cionn sprioc an Rialtais. Leanadh den chleachtas ar cuireadh tús leis sna blianta roimhe sin maidir le comórtais earcaíochta, agus chuir an Oifig an Coimisiún um Cheapacháin Phoiblí ar an eolas go raibh saoráidí oiriúnacha san Oifig agus go raibh sí toilteanach daoine le míchumais a fhostú.



CAIBIDIL 6

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 3 Á BHAINT AMACH



6

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 3 Á BHAINT AMACH

Eochairchuspóir 3

A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlíthiúla ar mhodh a shásaíonn na prionsabail a bhaineann le Seirbhís d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus a ghlacann an clár um athrú sa tseirbhís poiblí san áireamh

Is é an gealltanais chun seirbhísí dlíthiúla den chaighdeán is airde a sholáthar do chliaint na hOifige an prionsabail a mhúnlaigh an Ráiteas Straitéise seo. Luaitear go mionsonrach i *dTreoir Seirbhísí Cliaint 2002–2004* na hOifige an creat atá ann chun prionsabail na seirbhíse d'ardchaighdeán don chustaiméir a fhorfheidhmiú agus chun tuilleadh feabhsuithe a chothabháil agus a dhéanamh le linn shaol na Treorach. Aithníonn an Oifig go bhfuil buncloch na seirbhíse don chustaiméir bunaithe ar chomhairliúchán lenár gcliaint agus ar chóras cuimsitheach aiseolais a bheith ann chun ceisteanna straitéiseacha nua a aibhsiú, ceisteanna imní a réiteach agus cumarsáid dhéthrooch a éascú.

Is iad na straitéisí atá ann chun an cuspóir seo a aimsiú:

- Seachadadh na gculpóirí atá leagtha amach sa *Treoir Seirbhísí Cliaint 2002–2004*
- Tuairisceofar faoina mhéad agus a bhainfear amach na cuspóirí a leagadh amach sa *Treoir Seirbhísí Cliaint 2002–2004* i dTuarascálacha Bliantúla na hOifige,
- Cuíchaighdeáin seirbhíse cliaint a fhorbairt i ndáil le
 - > Cliaint inmheánacha, agus
 - > seachtracha.

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

Rinne Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit dul chun cinn suntasach sa réimse a bhaineann le seirbhís d'ardchaighdeán do chustaiméirí. Rinneadh iniúchadh leanúnach ar Ghrúpaí agus Foirne Dlí sa dá oifig maidir le leithdháileadh agus eagrú na hoibre. Cuireadh feabhas ar sheachadadh seirbhísí dlíthiúla d'ardchaighdeán chuig cliaint de réir na tosaíochta a thug an Oifig don speisialtóireacht agus don chaoi a théann Grúpaí i mbun oibre.

Go deimhin, rinne na Foirne agus na Grúpaí dlí sa dá oifig forbairt bhreise ar na naisc atá acu leis an Ranna Cliaint a dtiteann a gcuid oibre laistigh dá réimse speisialtóireachta trí úsáid a bhaint as cruinnithe idirmhalartaithe eolais agus as cruinnithe athbhreithnithe leis na Ranna sin, de réir ár gcuid pleananna gnó.

Lean na hAonaid IT i ngach aon Oifig ag feidhmiú Deasc Cabhrach Oifige inmheánacha ar éirigh thar cionn leo le linn 2005 chun éascú a dhéanamh ar chur chuige comhordaithe maidir le saincheisteanna a láimhseáil. Lean Deasca Cabhrach san Aonad Seirbhíse agus Clárlainne in Oifig Shráid Mhuirfean ag feidhmiú orthu lena chinntiú gur déileáladh go tapa le fadhbanna agus le saincheisteanna, agus caighdeán seachadadh seirbhíse níos fearr ar fáil dá chliaint laistigh den Oifig dá réir. Bunaíodh Deasca Cabhrach sa dá Oifig i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Chórais Bhainistíochta Airgeadais nua, agus chuir sé sin go mór le bainistiú na saincheisteanna a tháinig chun cinn i gcás úsáideoirí deiridh an chórais.

Aithníonn Oifig Shráid Mhuirfean i gcónaí gur gá socruithe solúbtha oibre a thabhairt isteach, atá dírithe go sonrach ar éilimh na gcliant. Lean an Oifig d'fheidhmiú na dtionscnamh seo a leanas le linn 2005:

- Bhí clóscríobhaithe ar fáil i gcónaí nuair a bhí gá leo agus bíonn clóscríobhaí ar fáil i gcónaí ar bhonn róta deonach más gá dul i dteagmháil leis/léi lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.
- Bhí eochairbhaill foirne áirithe le fáil ar fhón póca lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.
- Thionscain an Oifig córas neamhfhoirmiúil ar glao-dhualgas chun déileáil le héilimh oibre ar leith a tharlaíonn lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.
- Ag brath ar an ualach oibre agus an phráinn a bhíonn leis; bíonn obair dhéanach, obair ag deireadh seachtaine, teacht go moch agus glacadh le ham lóin i bhfad níos lú ná mar a cheadaítear mar ghnéithe, freisin, de na patrúin tinrimh sholúbtha a bhíonn i bhfeidhm san Oifig.



6

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 3 Á BHAINT AMACH (AR LEANÚINT)

Treoir Seirbhísí Cliaint agus Cairteanna Custaiméara

Rinne an dá Oifig iarracht i rith 2005 na caighdeáin seirbhíse a shíneadh amach (le táscairí feidhmíochta ama) faoi mar atá leagtha síos in ár gCairteanna Cliaint agus Custaiméara. Bhain na caighdeáin seirbhíse seo le réimsí éagsúla idir chumarsáid le cliaint agus sofhreagracht agus inrochtaineacht don ghairmiúlacht. Cuireadh na Cairteanna seo ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige go luath i 2005, agus scaipeadh iad i bhfoirm chruachóipe sa dá theanga dár gcustaiméirí agus cliaint go léir i mí na Bealtaine, 2005.

Treoir Seirbhísí Cliaint 2005 – 2007 agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2005 - 2007

Ba iad na Coistí Chomhpháirtíochta faoi seach a rinne Treoir Seirbhísí Cliaint in Oifigí Shráid Mhuirfean 2005 – 2007 agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit 2005 – 2007 a ullmhú agus a fhaomhadh roimh dheireadh 2005.

Painéal Cliaint agus Custaiméara agus Cruinnithe Athbhreithnithe

D'eagraigh an dá Oifig cruinnithe rialta athbhreithnithe le Ranna agus Oifigí cliaint i rith 2005. Baineann Painéal Cliaint agus Custaiméara Oifig Shráid Mhuirfean leis na cliaint atá ag gach dream san Oifig agus bhí a chruinniú tionscnaimh aige i mí na Samhna, 2005. Rinneadh suirbhéanna ar na cliaint agus ar na custaiméirí i 2004 agus cuirfear feidhmíocht i gcomparáid le caighdeáin tagarmharcála a aithníodh ag an am sin le fáil amach an dul chun cinn a rinneadh. Déanfar suirbhéanna breise i 2006 le fáil amach na riachtanais maidir le feabhsúcháin leanúnacha dá bhfuil ann. Beidh torthaí na suirbhéanna seo mar aon le tiomantas agus feidhmíocht i gcomparáid le tagarmharcanna le fáil in ár dTuarascáil Bhliantúil i 2006.

Forbairtí eile maidir le Seirbhís Custaiméirí

Láithreán Gréasáin

Rinneadh athdhearadh ar láithreán gréasáin na nOifigí i rith 2005 chun caighdeáin inrochtaineachta na hearnála poiblí (a ndearnadh fíorú neamhspleách orthu) agus caighdeáin idirnáisiúnta a bhaint amach. Is acmhainn thábhachtach agus gléas tagartha anois é ag custaiméirí, cliaint agus ag an bpobal i gcoitinne. Is féidir Leabhar leictreonach Reachtanna na hÉireann a rochtain, mar shampla, mar aon le Tuarascálacha *Dul Chun Cinn a Choinneáil*, nósanna imeachta chun abhcóidí seachtracha a fhostú agus foilseacháin na nOifigí. Seoladh leagan Gaeilge den láithreán gréasáin i mí na Nollag, 2005. Cuireadh leathanach CSSO an láithreáin ar ghearrliosta do Ghradaim sa rannóg inrochtaineachta do Ríomhsheirbhísí Rialtais a bhí ar siúl i mí Feabhra, 2006.

Inlíon

Rinneadh Inlíon Oifig Shráid Mhuirfean a athfhorbairt i mí Iúil, 2005, agus is acmhainn luachmhar faisnéise anois é ag cliaint inmheánacha.

An tArd-Aighne ina Óstach ar Léacht

Bhí an tArd-Aighne ina óstach ar léacht a thug Príomh-Bhreitheamh na hAfraice Theas faoi chearta socheacnamaíochta an 22 Iúil 2005. Bhí 109 i láthair. Ina measc bhí breithiúna agus Gardaí, baill de Comhairle Bharra na hÉireann agus de Dhlí-Chumann na hÉireann, daoine ó Ranna éagsúla Rialtais, ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, agus ón nGníomhaireacht um Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta.



6

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 3 Á BHAINT AMACH (AR LEANÚINT)

Oideachas Dlíthiúil agus Seimineáir

Lean na hOifigí ar aghaidh i rith 2005 leis an idirchaidreamh le Ranna Rialtais faoi dhlíthíocht Chúirt Cheartais na hEorpa (ECJ) agus bhí clár oideachais ECHR ar siúl i rith na bliana don fhoireann agus do dhlíodóirí na Roinne. I measc na léachtaí a óstáladh i rith na bliana bhí:

- Léacht faoin gCeart Tosta;
- Léacht faoi Chearta Socheacnamaíocha;
- Mionteagasc faoi dhréachtú reachtaíochta, agus
- bhí dhá léacht ag Seisiún Dlí Coiriúil na hEorpa dar teideal “Practical obstacles in mutual legal assistance” agus “Activities of Eurojust” (cuireadh an dara ceann ar siúl i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí).

Ba iad na léachtaí faoi Dhlí Coiriúil na hEorpa na céad chinn de shraith léachtaí atá á heagrú ag an Oifig agus ag an Roinn agus a chuirfear ar siúl go rialta le plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann leo siúd a bhíonn ag obair ar chúrsaí dlí agus ar rudaí comhbhainteacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Iníúchadh Sábháilteachta

Rinneadh iniúchtaí faoi leith i rith 2005 sa dá Oifig agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí. Tugadh ráitis athleasaithe sábháilteachta don dá Oifig agus don Choimisiún i ndiaidh na n-iniúchtaí sin agus na moltaí a rinneadh le fáil iontu. Tá ráiteas athbhreithnithe Oifig Shráid Mhuirfean le fáil ar inlín na hOifige. Glacadh le ráitis athchóirithe CSSO agus an Coimisiún um Athchóiriú Dlí freisin agus cuireadh ar fáil iad don fhoireann go léir. Iniúchadh leibhéal gháis radóin in Oifig Shráid Mhuirfean go luath i 2005, agus fuarthas go raibh sé sásúil, agus lena chois sin cuireadh Coiste Sláinte agus Sábháilteachta ar bun san CSSO chun tosaíochtaí a cheapadh agus aghaidh a thabhairt ar mhórchéisteanna.



CAIBIDIL 7

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 4 Á BHAINN AMACH



7

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 4 Á BHAINT AMACH

Eochairchuspóir 4

Córais Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt chun tacú le gach imeacht ghairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse de chuid na hOifige agus chun iad a mheasúnú.

Aithníonn an Oifig an ról tábhachtach a bhaineann le Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) chun cúnamh a thabhairt don Oifig lena cuid cuspóirí a bhaint amach agus chun tacaíocht a thabhairt do sheachadadh an ríomh-Rialtais. Cinnteoidh forfheidhmiú Phlean IT nua na hOifige - lena n-áirítear príomhthionscadail na gcóras gnó, a chuimsíonn na réimsí a bhaineann le bainistíocht cásanna agus bainistíocht taifead, dréachtú/bainistíocht reachtaíochta, bainistíocht airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna agus bainistíocht eolais - go mbeidh an Oifig i riocht níos fearr chun freastal ar na cuspóirí a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise agus chun cur leis an tiomantas do sheachadadh seirbhísí dlíthiúla ar an gcaighdeán is airde do chliant.

Is iad seo a leanas na príomhstraitéisí:

- Córais éifeachtacha teicneolaíochta faisnéise a sheachadadh agus a fhorfheidhmiú chun faisnéis bainistíochta níos fearr a sholáthar mar thaca don tionscnamh ríomh-Rialtais, do chinnteoireacht agus rialú éifeachtach na bainistíochta, agus do thomhas agus measúnú na feidhmíochta, ionas gur féidir díriú níos mó ar thorthaí agus go mbeidh trédhearcacht breise á léiriú in úsáid acmhainní.
- Clár bainistíochta cáipéise agus taifid a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht eagrúcháin a fheabhsú agus chun cothabháil na gcomhad a chuíchóiriú.
- Réiteach ríomh-Reachtaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhairle le leas-sealbhóirí eile, agus ag féachaint le tionscnamh na ríomh-Chomhaireachta, chun tacú le ceapadh agus bainistíocht na reachtaíochta le linn timthriail na reachtaíochta mar thaca don tionscnamh ríomh-Rialtais.
- Leanúint ar aghaidh ag coinneáil agus ag forbairt modhanna chun dul chun cinn a dhéantar i leith seirbhíse d'ardchaighdeán a

sheachadadh don chustaiméir a thuairisciú agus a mheasúnú, agus chun an cuspóir sin a léiriú i bhforbairt cleachtais MIF.

- Beartais fheabhsaithe a chur i bhfeidhm chun a chinntiú a thuilleadh go bhfaighidh an Oifig luach saothair nuair a bheidh an meastachán leithdháilte á chaitheamh aici.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh leis an Roinn Airgeadais i gclár comhaontaithe um athbhreithnithe caiteachais.
- Forfheidhmiú Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta a chinntiú.

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

Chuir Straitéis IT na hOifige fócas ar fáil den chuid ba mhó d'obair na nAonad IT in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i rith 2005.

Chomh maith lena mbainistíocht oibríochtúil agus bainistíocht bonneagair IT agus na himeachtaí forbartha, ghlac na hAonaid IT páirt mhór sa Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus i dTionscadail an Chórais Bhainistíochta Airgeadais.

Lean an tAonad IT san Oifig i Sráid Mhuirfean ar aghaidh i rith 2005 ag soláthar tacaíochta teicniúla IT don fhoireann a bhí ag glacadh páirte sa chlár póilítach ríomh-Oibre. Chabhraigh sé leis an gCoimisiún Athchóirithe Dlí, freisin, agus é ag gníomhú i gcáil chomhairleach i ndáil le bonneagar IT an Choimisiúin.

Seoladh láithreán athdheartha na nOifigí an 16 Feabhra, 2005 agus Seoladh leagan Gaeilge den láithreán i mí na Nollag, 2005. Ba é Aonad Faisnéise na heagraíochta féin a dhear agus a d'fhorbair an láithreán nua chun caighdeán inrochtaineachta na hearnála poiblí (a ndearnadh fíorú neamhspleách orthu) a bhaint amach.

Leag na hAonaid IT béim shuntasach ar bhainistíocht agus forbairt oibríochtúil bhonneagar IT na nOifigí. Is iad na Deasca Cabhrach IT agus an réimse seirbhísí a sholáthraíonn siad is mó a léiríonn an bhéim atá á cur ar an gcliant. Ní mór réimse leathan tascanna a dhéanamh sa chúlra, áfach, d'fhonn slánaíocht chórais IT na nOifigí a chinntiú chun ionchais na mball foirne a shásamh.



7

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 4 Á BHAINT AMACH (AR LEANÚINT)

Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead

Cuireadh Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) ar siúl mar scéim phíolótach sna rannóga Tearmainn agus Cláraithe in Oifigí Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Atur na Stáit i mí Aibreáin, 2005. Tugadh aghaidh i rith na bliana ar cheisteanna teicniúla agus feidhmiúlachta a aithníodh le linn na céime sin den fhorfheidhmiú. Rinneadh tástálacha le féachaint an nglacfadh úsáideoirí leis, agus cuireadh tús ansin le céim 1 den chóras i Rannóga na nAbhcóidí Comhairleacha agus na nDréachtóirí Parlaiminte in Oifig Shráid Mhuirfean agus sa Rannóg Chomhairleach agus i Rannóg Áitreabh an Stáit in Oifig Phríomh-Atur na Stáit i mí na Nollag, 2005. Cuireadh deireadh le tástálacha ar chéimeanna 2 agus 3 an chórais roimh dheireadh 2005. Críochnaíodh na chéad tástálacha orthu le féachaint an nglacfadh úsáideoirí leo roimh dheireadh na bliana. Cuireadh tús le tástálacha ar fheidhmiúlacht tuairiscithe um bainistiú faisnéise go déanach i 2005. Cuireadh oiliúint faoi leith ar fáil dóibh siúd a bhfuil páirt acu sa scéim phíolótach i mí Aibreáin, 2005 agus cuireadh oiliúint ní b'fhorleithne ar fáil ina dhiaidh sin don fhoireann chomhbhainteach sa dá Oifig mar ullmhúchán do chur i bhfeidhm an chórais.

Córas Bainistíochta Airgeadais

Cuireadh an bhéim ba mhó sa dá Oifig i rith 2005 ar leabú an chórais nua Agresso. Is é seo an chéad Chóras comhtháite Bainistíochta Airgeadais de chuid na hOifige. Rinne an dá Oifig a ndícheall leas a bhaint as poitéinseal an chórais nua. Ní hamháin go dtugann sé faisnéis ríthábhachtach airgeadais, agus rialuithe costais agus a leithéid do lucht bainistíochta, ach is féidir é a úsáid chun treoir a thabhairt faoi athlonnú foirne agus chun na gníomhaíochtaí sin a aithint a d'fhéadfaí a aistriú nó a fhoinsiú allamuigh mar chuid d'iarrachtaí na nOifigí breis éifeachtúlachtaí costais a bhaint amach. Suiteáladh bogearraí um rianú sócmhainní i rith na bliana agus cuireadh oiliúint ar fáil lena n-úsáid. Leanadh ar aghaidh ag tástáil a bhfeidhmiúlachta go deireadh na bliana. Rinneadh an-dul chun cinn maidir le forfheidhmiú príomhfheidhmiúlachtaí mar Ríomhaistriú Airgid, an Bainisteoir Sonrais agus forbairtí eile maidir le tuarascálacha lucht bainistíochta. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairt comhéadain idir an córas Agresso agus Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead. Éascóidh

sé seo faisnéis fheabhsaithe airgeadais agus neamhairgeadais a sholáthar chun freastal ar riachtanais níos leithne na hOifige um MIF. Céimeanna móra chun tosaigh do na hOifigí ab ea na forbairtí seo agus forbairtí gaolmhara eile. Leanfar de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí feabhas suntasach a chur ar éifeachtúlacht agus deireadh a chur le riaráistí.

Creatlach na Faisnéise Bainistíochta

Lean Foireann MIF ar aghaidh i mbun maoirseachta ar fhorfheidhmiú Phlean Tionscnaimh MIF na hOifige ar glacadh leis an 9 Marta, 2005. Ba iad forbairt Táscairí Feidhmiúcháin agus Straitéisí foirmiúla Bainistithe Rioscaí don Oifig na tionscadail suntasacha a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana. Rinneadh dul chun cinn suntasach, faoi mar a luadh thuas, ar fhorbairt comhéadain idir na córais Agresso FMS agus ACME, rud a chabhróidh le tosaíochtaí eile a aithint agus le riachtanais tuairiscithe faisnéise an lucht bhainistíochta.

Bhí oiliúint MIF faighte roimh dheireadh na bliana ag baill uile na gCoistí Comhairleacha Bainistíochta agus ag formhór na gCeann Aonaid Ghnó sa dá Oifig agus ag an bhfoireann chomhbhainteach sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS)

Bhuail an tlonad um Bainistiú agus Forbairt Eagrúcháin le hOifig Shráid Mhuirfean agus rannóg Acmhainní Daonna CSSO agus Bainisteoirí FT an 10 Feabhra, 2005, chun plé a dhéanamh ar na roghanna maidir le HRMS a fhorfheidhmiú roimh mhí na Nollag, 2006.

Sráid Mhuirfean

Thug an Coiste Comhpháirtíochta faomhadh do Straitéis chuimsitheach Acmhainní Daonna na hOifige an 15 Márta, 2005. Foghrúpa Comhpháirtíochta a d'fhorbair é. Rinneadh a lán gnéithe de Straitéise Acmhainní Daonna na hOifige sin a fhorbairt san CSSO, ar nós PMDS, Beartais Oiliúna, Aisíoc Táillí, Promhadh agus dámhachtainí incrimintí, soghluaiseacht foirne, comórtais le haghaidh arduithe céime agus nósanna imeachta agus socruithe oibre aitiópúla.



7

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 4 Á BHAINT AMACH (AR LEANÚINT)

Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais

Cuir an Coiste Stiúrtha bailchríoch roimh dheireadh na bliana ar riaradh Scéim an Ard-Aighne agus é ar intinn acu go ndéanfaí measúnú seachtrach uirthi go luath i 2006. Lena chois sin, bhí comhairliúchán ann i rith na bliana leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, maidir le riaradh na scéime a aistriú chun na Roinne. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana maidir le bailchríoch a chur ar athbhreithniú an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí agus é ar intinn acu go ndéanfaí measúnú seachtrach air go luath i 2006.

Athbhunaíodh na Foirne Tionscadal i rith na bliana don Athbhreithniú Costais atá ar siúl ag CSSO maidir le Soláthar Seirbhísí na Luathscríbhneoirí agus Athghabháil Costais.

Cuireadh moltaí faoi bhráid na roinne Airgeadais i mí an Mhárta, 2005 faoi Athbhreithnithe a dhéanfar i rith 2006 agus 2007. Tá Oifig Shráid Mhuirfean tiomanta d'athbhreithnithe a dhéanamh ar (i) Oiliúint agus Forbairt, (ii) Leabhar Leictreonach Reachta na hÉireann (ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta, 2006) agus (iii) an tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó go déanach i 2006 nó go luath i 2007.

Oifigeach Bainistithe Taifead

D'earcaigh CSSO agus Oifig Shráid Mhuirfean Oifigeach Bainistithe Taifead ar conradh agus feidhm leis ó 1 Feabhra, 2005.



CAIBIDIL 8

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 5 Á BHAINT AMACH



8

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 5 Á BHAINT AMACH

Eochairchuspóir 5

Rochtain a sholáthar don fhoireann ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh, trí acmhainní agus seirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus fios gnó a sholáthar agus a fhorbairt.

Is iad seo a leanas na príomhstraitéisí:

- Straitéis bainistíochta eolais a fhorbairt agus a forfheidhmiú, agus feidhmíocht bainistíochta eolais a roghnú mar a imlíníodh sa straitéis sin. Sainaithneoidh an straitéis sin, freisin, na réitigh neamhtheicniúla chun eolas a roinnt trasna an dá Oifig.
- Acmhainní/seirbhísí faisnéise cuí a roghnú, le béim leagtha ar sheachadadh agus comhordú leictreonach na gcomhaontuithe ceannacháin, mar is cuí, idir leabharlanna Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.
- Oiliúint chuí a sholáthar i scileanna leabharlainne/faisnéise lena chinntiú go n-úsáidfear acmhainní faisnéise na hOifige go héifeachtach agus tacaíocht a sholáthar do thionscnaimh oiliúna níos leithne na hOifige.

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

Lean Oifig Shráid Mhuirfean agus Aonaid Leabharlainne agus Fios Gnó CSSO orthu i rith 2005 ag seachadadh seirbhísí faisnéise dlí, taighde agus fios gnó chuig baill foirne sa dá Oifig. Cuireadh seirbhísí ar fáil freisin d'aturnaetha a sannadh do na Binsí Fiosrúcháin éagsúla, don Bhiúro um Shócmhainní Coiriúla, do chomhairleoirí dlí rannacha agus d'aturnaetha áitiúla stáit.

Chuir na hAonaid na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- iLink (catalog leabharlainne ar líne)
- catalógú, rangú agus coimriú a dhéanamh ar ábhair dhlíthiúla.
- rochtain ar bhailiúchán mór dlí i bhformáid chruachóipe agus leictreonach araon
- bunachar fios gnó dlí
- seirbhísí faisnéise/taighde dlí

- Oiliúint i scileanna faisnéise
- seirbhísí feasachta reatha
- profléamh reachtaíochta
- rochtain ar leabharlanna seachtracha agus seirbhísí faisnéise seachtracha.

Chuir an dá Aonad saineolas luachmhar faoi bainistiú faisnéise ar fáil le haghaidh obair an dá Oifig trí pháirt a ghlacadh i gcoistí ar fud na hOifige, lena n-áirítear Leabhar Reachta Leictreonach na hÉireann, an tionscadal um Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) agus athdhearadh láithreáin ghréasáin na hOifige.

Thug siad tacaíocht dá straitéisí sainiúla ar an gcaoi seo:

Bainistíocht eolais

Cuireadh cultúr comhroinnte eolais chun cinn laistigh de na hOifigí féin agus idir eatarthu. Lean an dá Aonad orthu ag forfheidhmiú príomh-mholtaí Straitéis Bainistíochta Eolais 2003–2005, lena n-áirítear ullmhú Feasachán Dlí agus ECHR, Treoracha Tagartha Dlí agus cruinnithe a eagrú faoi shaincheisteanna Dlí. Ceapadh Oifigeach Fios Gnó san CSSO i mí na Samhna 2004 agus lean sé ar aghaidh ag forfheidhmiú tionscadal Bainistithe Faisnéise i gcomhar le príomh-pháirtithe leasmhara agus le foirne an dá Oifig chun an fios gnó inmheánach a aithint agus cur leis san CSSO i rith 2005.

D'fhoilsigh an Coiste um Thaighde ar Bhainistíocht Phoiblí de chuid an Foras Riaracháin tuarascáil faoi Bhainistiú Faisnéise sa Státseirbhís. Tá caibidil faoi chur chuige na hOifige i leith Bhainistiú Faisnéise le fáil sa tuarascáil seo.



8

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 5 Á BHAINT AMACH (AR LEANÚINT)

Seirbhísí faisnéise agus taighde dlíthiúla

Chuir na daoine gairmiúla faisnéise agus dlí i ngach Aonad seirbhísí taighde dlí ar fáil i rith na bliana. Chuir taighdeoirí Dlí in Oifig Shráid Mhuirfean taighde dlí agus tacaíocht fios gnó ar fáil do ghrúpaí Abhcóidí Comhairleacha faoi leith agus don Dréachtóir Parlaiminte. Tugann sé seo tacaíocht don fhás atá ag teacht ar speisialtóireacht laistigh den Oifig.

Ag teacht le tiomantas an dá Aonad sa Ráiteas Straitéise chun seirbhísí faisnéise a sholáthar ar bhealach costéifeachtach, íoslaghdu a dhéanamh ar dhúbláil iarrachtaí, agus comhoibriú idir leabharlanna dlí an Rialtais a éascú, cuireadh tús leis an dá thionscadal i rith 2005. Cuireadh tús le Tionscnamh Bainistithe Sraithisí idir an dá Oifig agus Leabharlann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun comhordú a dhéanamh ar cheannach agus soláthar irisí idir chinn chlóbhuailte agus leictreonach. Lorgaíodh tairiscintí, glacadh le ceann acu agus ceapadh gníomhaire síntiús i 2005.

Cuireadh tús le Tionscadal Soláthair Mhonagraif i 2005 chun monagraif a sholáthar don dá Leabharlann.

Oiliúint i scileanna faisnéise

Chuir an dá Aonad oiliúint chuimsitheach ar fáil i 2005 do bhaill foirne dlí faoi fheidhmeanna leabharlainne agus modhanna taighde. Is é eochairchuspóir chlár oiliúna na nAonad Leabharlainne & Fios Gnó ná scileanna taighde dlí a chothú agus cúnamh a thabhairt do bhaill foirne chun leibhéal inniúlachta a ghnóthú in úsáid na bhfoinsí leictreonacha faisnéise dlí. Bhain obair shuntasach le dearadh agus seachadadh na gclár sin. Cuireadh oiliúint ionductúcháin maidir le hacmhainní leictreonacha ar fáil ar bhonn duine le duine do bhaill foirne nua freisin.





CAIBIDIL 9

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 6 Á BHAINN AMACH



9

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 6 Á BHAINN AMACH

Eochairchuspóir 6

Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach trí spreagadh agus cúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlíthiúla an Stáit

Chomh maith leis na hábhair sin a ndearnadh tagairt dóibh in Eochairchuspóirí 1 go 5 agus ar déileáladh leo sa Tuarascáil seo, tabharfar faoi na príomhstraitéisí seo a leanas:

- Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas agus é ag láimhseáil saincheistanna trasghearrtha agus beartais dlí, trí fhreastal ar choistí idir-rannacha agus ar ghrúpaí oibre agus comhairle a chur orthu.
- Páirt dhearfach a ghlacadh le comhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais chun a chinntiú go bhfuil an chomhairle a thugtar comhsheasmhach le comhairlí eile a thugann an tArd-Aighne.
- Bainistíocht straitéiseach dlíthíochta, go háirithe i leith oll-éileamh.
- Athbhreithniú ar chleachtais reatha maidir le dlíthíocht agus idirghabhálacha i gcásanna os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa.
- Páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus é ag gabháil dá ról athbhreithnithe, scrúdaithe agus foirmlithe moltaí d'Áthchóiriú an Dlí.
- Tacú le forbairt na straitéisí IT atá ag an tSeirbhís Chúirteanna agus ag na breithiúna.
- Comhdháil a eagrú/urrú agus a réachtáil ar shaincheistanna dlí Idirnáisiúnta atá ábhartha d'Éirinn faoi láthair.

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

Coistí agus Grúpaí Oibre Idir-Rannacha

Thug Oifig an Ard-Aighne comhairle agus ghlac sí páirt i nGrúpaí Oibre faoi réimse tábhachtach saincheistanna idir-rannacha nó “tras-ghearrtha” i rith 2005.

Tá liosta de na Phríomhchoistí idir-rannacha agus Grúpaí Oibre le fáil in Iarscríbhinn E na tuarascála seo. Tá liosta iomlán na gcoistí agus na ngrúpaí sin le fáil in Iarscríbhinn E.

Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Eochair-mheicníocht eile a éascaíonn comhordú seirbhísí dlíthiúla an Stáit is ea Coiste Reachtaíochta an Rialtais. Bhí páirt lárnach ag an OPC in obair an Choiste seo i rith 2005. Faoi chathaoirleacht Phríomh-Aoire an Rialtais, cuireann an Coiste moltaí reachtaíochta in ord tosaíochta agus éascaíonn sé forfheidhmiú Chlár Reachtaíochta an Rialtais trí:

- Na dátaí dóchúla a mheas ar a gcuirfear téacsanna Billí chuig an Rialtas lena bhfaomhadh agus lena bhfoilsíú ina dhiaidh sin.
- Faoi réir na Comhaireachta, tosaíochtaí dréachtaithe a shannadh do Bhillí, nuair a bheidh Cinn an Bhille (.i. treoracha Rannacha do dhréachtóir an Bhille) faofa ag an Rialtas.
- An dréacht-Phreaseisiúint faoi Chlár Reachtaíochta an Rialtais (a fhoilsítear trí uaire sa bhliain roimh thús gach Seisiún Dála) a ullmhú agus a aontú d'fhaomhadh an Rialtais.

Maoirsíonn an Coiste gach Bille Rialtais a mholtar, ón uair a chuimsítear é i gClár Reachtaíochta an Rialtais go deireadh a chúrsa trí Thithe an Oireachtais. Thuairiscigh OPC gach seachtain do Choiste Reachtaíochta an Rialtais, faoi shonraí an dul chun cinn a rinneadh ar dhréachtú Billí agus ionstraimí reachtúla a aistríonn bearta an AE go reachtaíocht baile.

Sholáthair rannpháirteachas leanúnach OPC in obair Choiste Reachtaíochta an Rialtais an mheicníocht riachtanach chun idirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíoch na Rann ar sheirbhísí OPC agus chun plé leis na fadhbanna a tháinig chun cinn maidir le forfheidhmiú réidh tapa Chláir Reachtaíochta an Rialtais.



9

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 6 Á BHAINT AMACH (AR LEANÚINT)

Comhoibriú le Comhairleoirí Dlí sna Ranna Rialtais

Lean Oifig ar aghaidh ag cothú caidreamh dearfach agus dlúthchaidreamh oibre le comhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais i rith 2005. Méadaíonn tábhacht na nasc sin de réir mar a thagann fás ar líon na saincheisteanna casta idir-rannacha dlí. Bíonn ról an-tábhachtach, freisin, ag na naisc le comhairleoirí dlí na Rann, maidir le hullmhú reachtaíochta. Chomhoibrigh Abhcóidí Comhairleacha agus Comhairleoirí Dlí Rannacha i rith na bliana ar raon mór ábhar, chun a chinntiú go mbeidh an chomhairle a thug siad comhsheasmhach le comhairle eile a thugann an tArd-Aighne. Chuaigh an Oifig i mbun comhráite go déanach i 2005 le roinnt Rann Rialtais ar spéis leo an scéal faoi Abhcóidí Comhairleacha a thabhairt ar iasacht dóibh ar bhonn póilótach. Rinneadh socruithe leis an Roinn Airgeadais agus le Seirbhís na gCeapachán Poiblí chun tús a chur le comórtas earcaíochta Abhcóidí Comhairleacha lena dtreanáil agus lena dtabhairt ar iasacht ina dhiaidh sin.

Bainistíocht Dlíthíochta, go háirithe i leith oll-éileamh

Lean an Oifig ar aghaidh i rith 2005 lena misean chun dlíthíocht a bhainistiú ar bhealach straitéiseach, go háirithe i leith oll-éileamh. Stiúir Oifig Shráid Mhuirfean an straitéis dlí fhoriomlán agus reáchtáladh cruinnithe rialta athbhreithnithe idir Abhcóide Comhairleach in Oifig Shráid Mhuirfean, baill foirne dlí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus oifigigh i Ranna cuí chun a chinntiú go raibh olldlíthíocht á bainistiú go héifeachtach ar bhonn leanúnach.

I measc na dtionscamlach sonrach ar tugadh fúthu in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit a bhí:-

- Atheagrú a dhéanamh ar obair na foirne speisialta a bhíonn ag plé le dlíthíocht mí-úsáide scoil lae agus mí-úsáid chónaithe araon ós rud é gur tarmligeadh an obair seo chuig an nGníomhaireacht um Éileamh ar an Stáit.
- Aonad faoi leith a bhunú chun dul i ngleic le dlíthíocht um mí-úsáid chónaithe.

- Foirne tiomanta a fheidhmiú chun dlíthíocht um riachtanais speisialta agus dlíthíocht um leas leanaí a láimhseáil.
- Leanúint ar aghaidh ag cur sainseirbhíse ar fáil a rachaidh i ngleic le cásanna tearmainn, inimirce agus aidsúichithe.
- Rannóg Chaillteanas Éisteachta san Arm a thabhairt chun críche agus baill foirne a aistriú go réimsí eile oibre de réir mar a laghdaíodh an dlíthíocht áirithe seo.

Dlíthíocht agus Idirghabhálacha Chúirt Cheartais na hEorpa

Lean an Oifig ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú i rith na bliana ar chleachtais reatha maidir le dlíthíocht os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa (ECJ). Leagann Caibidil 3 den Tuarascáil seo amach mionsonraí roinnt cásanna tábhachtacha a tháinig os comhair an ECJ i 2005.

Bunaíodh Grúpa Oibre d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déileáil le hobair an ECJ agus lean an Grúpa ar aghaidh ag bualadh le chéile i rith 2005 chun breis moltaí praiticiúla a chur le chéile um chomhordú níos fearr d'fhreagairt an Stáit ar dhlíthíocht ECJ.

Rannpháirteachas i Straitéisí IT

Trí pháirt a ghlacadh i straitéisí IT ar fud na státseirbhíse is amhlaidh a bhíonn deis eile ann chun comhordú níos éifeachtaí a bheartú idir seirbhísí dlí. Ba chun na críche sin a bhí ionadaíocht leanúnach ag an Oifig i rith 2005 ar Ghrúpa Idirchaidrimh Ghnó don ríomh-Chomhaireacht chun a chinntiú go bhfuil an Oifig go hiomlán ar an eolas maidir le cumas an chórais, agus chun go bhforbrófar feidhmiúlacht ar shlí a fhreastalóidh ar a riachtanais ghnó.

Chomhoibrigh an Oifig go leanúnach leis an tSeirbhís Chúirteanna i rith na bliana chun a straitéis IT a fhorbairt. Is baill de Ghrúpa Ríomhairithe na Cúirte Uachtaraí iad foireann dlí agus IT na hOifige, agus bhí siad rannpháirteach ina chuid oibre. Tá an Oifig bainteach leis an ngrúpa seo, lena chinntiú go bhfuil ailtireacht agus feidhmiúlacht ár gcóras ag teacht le riachtanais na teicneolaíochta atá á forbairt agus á forfheidhmiú ag na cúirteanna mar chuid dá gclár nuachóirithe.



9

DUL CHUN CINN A GNÓTHAÍODH AGUS EOCHAIRCHUSPÓIR 6 Á BHAINN AMACH (AR LEANÚINT)

Agus ar deireadh, leanadh le hionadaíocht na hOifige ar an gCoiste Físeáin-Chomhdhála a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in Eanáir 2005.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Is gné thábhachtach de chomhordú seirbhísí dlí an Stáit í go mbeadh cur chuige comhordaithe á ghlacadh maidir le hathchóiriú an dlí. Le linn 2005 d'éascaigh Oifig Shráid Mhuirfean, trí chomhairliúchán agus teagmhálacha, an ról atá ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le hathbhreithniú, scrúdú agus foirmlíú moltaí le haghaidh athchóiriú an dlí. Rinne an tArd-Aighne tagairt amháin don Choimisiún i rith na bliana. Ina theannta sin, ghlac foireann shinsearach ón Rannóg Athbhreithnithe Dlí in Oifig Phríomh-Atur na Stáit páirt i dtionscadal taighde an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí i dtaobh chleachtais agus ghnáthaimh an Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh, agus tháirg siad aighneachtaí faoi athchóiriú sa réimse seo.



IARSCRÍBHINNÍ



A

BILLÍ AN RIALTAIS A FOILSÍODH SA BHLIAIN 2005

- | | | | |
|----|--|----|---|
| 1 | An Bille Airgeadais 2005 | 25 | Bille an Choláiste Ollscoile, Gaillimh (Leasú) 2005 |
| 2 | An Bille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2005 | 26 | An Bille Iomaíochta (Leasú) 2005 |
| 3 | An Bille Sláinte (Leasú) 2005 | 27 | An Bille Leithreasa 2005 |
| 4 | An Bille Toghcháin (Leasú) 2005 | 28 | An Bille um Rialú Foirgníochta 2005 |
| 5 | An Bille um Choimisiúin chun Drochúsáid Leanáí a Fhiosrú (Leasú) 2005 | | |
| 6 | An Bille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 | | |
| 7 | An Bille um Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste (Coinbhinsiún Cape Town) 2005 | | |
| 8 | An Bille um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 2005 | | |
| 9 | Bille na bPríosún 2005 | | |
| 10 | An Bille um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) 2005 | | |
| 11 | An Bille um an Ochtú Leasú is Fíche ar an mBunreacht 2005 | | |
| 12 | An Bille Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Slánaíochtaí) 2005 | | |
| 13 | An Bille um Cheadanna Fostaíochta 2005 | | |
| 14 | An Bille um Chlárú Sibhialta (Leasú) 2005 | | |
| 15 | An Bille um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta (Leasú) 2005 | | |
| 16 | An Bille Aerloingseoireachta (Eurocontrol) 2005 | | |
| 17 | An Bille um Bord Leigheasra na hÉireann (Forálacha Ilghnéitheacha) 2005 | | |
| 18 | An Bille Leasa Shóisialaigh Comhdhlúthú 2005 | | |
| 19 | An Bille um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2005 | | |
| 20 | An Bille Iascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2005 | | |
| 21 | An Bille um Bainc Forbartha 2005 | | |
| 22 | An Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005 | | |
| 23 | An Bille um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2005 | | |
| 24 | An Bille Leasa Shóisialaigh 2005 | | |



B

BILLÍ POIBLÍ A ACHTAÍODH SA BHLIAIN 2005

UIMH. TEIDEAL

- | | | | |
|----|--|----|--|
| 1 | An tAcht um Fháiltais ó Choireacht (Leasú) 2005 | 26 | An tAcht Leasa Shóisialaigh Comhdhlúthú 2005 |
| 2 | An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 | 27 | An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 |
| 3 | An tAcht Sláinte (Leasú) 2005 | 28 | An tAcht um Fhorghníomhú Pianbheitheanna a Aistriú 2005 |
| 4 | An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2005 | 29 | An tAcht Leithreasa 2005 |
| 5 | An tAcht Airgeadais 2005 | 30 | An tAcht Leasa Shóisialaigh |
| 6 | An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 2005 | 31 | An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid |
| 7 | An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) 2005 | 32 | An tAcht um Athchóiriú an Díl Reachtúil (Réamh-1922) 2005 |
| 8 | An Bille um Chuntais Díomhaoine (Leasú) 2004 | 33 | An tAcht Cróinéirí (Leasú) 2005 |
| 9 | An tAcht um Thruailliú na Farraige (Substaintí Guaiseacha) (Cúiteamh) 2005 | 34 | An tAcht um Bainc Forbartha 2005 |
| 10 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | | |
| 11 | An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí 2005 | | |
| 12 | An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 | | |
| 13 | An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Slánaíochtaí) 2005 | | |
| 14 | An tAcht Míchumais 2005 | | |
| 15 | An tAcht um Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste (Coinbhinsiún Cape Town) 2005 | | |
| 16 | An Bille Toghcháin (Leasú) 2005 | | |
| 17 | An tAcht um Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú) 2005 | | |
| 18 | Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005 | | |
| 19 | An tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú) 2005 | | |
| 20 | Acht an Gharda Síochana 2005 | | |
| 21 | An tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 | | |
| 22 | An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta 2005 | | |
| 23 | An tAcht Léiriúcháin 2005 | | |
| 24 | An tAcht Talún 2005 | | |
| 25 | An tAcht um Shaoire Uchtaíoch 2005 | | |



C

SLEACHTA Ó CHUNTAIS LEITHGHABHÁLA 2005, OIFIG AN ARD-AIGHNE (OIFIG SHRÁID MHUIRFEAN) AGUS OIFIG PHRÍOMH-ATURNAE AN STÁIT

Oifig an Ard-Aighne

Vóta 3, Oifig Shráid Mhuirfean

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus le hais na suime a d'fhéadfaí a fheidmiú mar leithreasuithe i gcabhair leis sin, do thuarastail agus do chaiteachais Oifig Príomh-Aturnae an Stáit lena n-áirítear deontas i gcabhair.

